

**Cartlann Scríofa RTÉ:  
Scripteanna Chaint Raidió i nGaeilge**

**P259**

**Clár Tuairisciúil**



**Cartlann Choláiste na hOllscoile,  
Baile Átha Cliath**

**archives @ucd.ie**  
**www.ucd.ie/archives**  
**T + 353 1 716 7555**  
**F + 353 1 716 1146**  
**© 2012 University College Dublin. All rights reserved**

---

## **CLÁR ÁBHAR**

---

### **COMHTHÉACS**

Nótaí faoin stair	<b>iv</b>
Stair chartlainne	<b>viii</b>

---

### **ÁBHAIR AGUS STRUCHTÚR**

Scóp agus Ábhair	<b>ix</b>
Córas an Leagain Amach	<b>ix</b>

---

### **COINNÍOLLACHA AR ROCHTAIN**

Rochtain	<b>xv</b>
Teanga	<b>xv</b>
Cabhair aimsithe	<b>xv</b>

---

### **CUIR SÍOS**

Coinbhinsiúin	<b>xv</b>
Nóta an chartlannaíthe	<b>xv</b>

---

### **ÁBHAIR COIBHNEASACH**

Nóta faoi fhoilseachán	<b>xvi</b>
Cairt eagraíochta Radio Éireann/RTÉ (1926–80)	<b>xvi</b>

---

---

## COMHTHÉACS

Is bailiúchán é seo de scrípteanna chaint raidió i nGaeilge de chuid Raidió Teilifís Éireann (RTÉ), agus ábhar bainteach leo. Baineann siad leis na hOifigí seo leanas: Caint is Fuireann-Chlár (agus a comharba); Cláir do Pháistí; Cláir Ceoil; agus leis an Stiúideo Chorcaí.

### Nótaí faoin Stair

#### 1. Radio Éireann, RTÉ, agus an Ghaeilge

An 28 Márta 1924, chuir ‘coiste speisialta um chraolachán gan sreang’ tuarascáil faoi bhráid Dáil na hÉireann, ag moladh go gcurfaí seirbhís chraolacháin stáit i bhfeidhm, seachas ceadúnas a thabhairt do chomhlacht priobháideach. Mar cheann de na tuairimí ar chraolachán gan sreang, agus ar an rogha a rinne siad, curadh béim ar freagracht oideachais phoiblí an rialtais:

*‘It would be difficult to over-emphasise its value as an instrument of popular education. In connection with the spread of the national language and of the phonetic teaching of modern languages, so necessary to commerce, there is no agency which lends itself so readily to the wide and cheap propagation of knowledge.’* (‘Wireless Broadcasting Report – final Report of Special Committee’ alt 5.)

Níor ritheadh an tAcht Radio-Thelegrafaíochta i nDáil Éireann go dtí Samhain 1926: san idirlinn, cuireadh tús le turchar an ‘Irish Free State Broadcasting Service’ –níos neamhfhoirmiúla, ‘2RN’- an chéad lá Eanáir 1926. I 1933, tógadh stáisiún ard-chumhachta i mBaile Átha Luain, agus mar gheall air sin, cuireadh Stáisiún Bhaile Átha Luain (‘Radio Athlone’) mar ainm ar shéirbhís a tháinig as trí stiúideo (Baile Átha Cliath, Corcaigh, Baile Átha Luain), agus ba stiúideo Baile Átha Cliath an Stáisiún Ginearálta (‘Stáisiún Foirleatha’ sa chomhfhreagras, go minic). I 1937 tugadh ‘Radio Éireann’ air (go foirmiúil, i 1960). Sa bhliain 1961, thosaigh seirbhís teilifíse (Teilifís Éireann) agus cruthaíodh ‘Raidió Teilifís Éireann’ i 1966 leis an Acht Craolacháin (Leasú), agus ‘Raidió Teilifís Éireann’ i 2009 (de réir ardchaighdeán litríochta).

Bhain Acht na bliana 1926 le cúrsaí riaracháin agus le freagrachta na Roinne Puist is Telegrafa, ach níor dhearnadh trácht ar an chéad theanga náisiúnta ann. Ba bheag an méid cláir i nGaeilge ag an tús agus bhí sé ina ábhar conspóide san ‘Broadcasting Advisory Committee’, agus méid agus cineál na glclár a chraolfaí á phlé. D’fhan sé ina ábhar conspóide go deo, agus d’eascaigh feachtais éagsúla craolacháin as díospóireachtaí a bhí ar siúil taobh istigh agus taobh amuigh de Radio Éireann/ RTÉ, agus go háirithe sa Ghaeltacht. Is Raidió na Gaeltachta (1972) agus Teilifís na Gaeilge/ TG4 (1996) torthaí na bhfeachtais úd.

Faoi 1935, craoladh 4.2% den iomlán i nGaeilge (nó 105 nóiméad). Ba chlár cheoil a bhí i mbreis is leath de na cláir Ghaeilge, agus bhí an fuilleach roinnte i gcainteanna is díospóireachtaí (faoi stair agus béaloideas), agus i ndrámaí. Bhí smaointe oideachasúla go smior taobh thiar de na cláir Gaeilge, ach ba é an tsraith ‘Is Your Irish Rusty?’, a scríobh Sorcha Ní Ghuairim agus agus a craoladh 1944–45, an chéad chlár de chleachtanna foirmiúla teangan ar Radio Éireann (féach na scrípteanna thíos). Bhí sraith eile ar siúil ón 1945 (‘Listen and Learn’), agus d’éirigh

chomh maith sin leis an tsraith il-chanúint ‘Conas a déarfá?’ (1946–7) gur craoladh dhá shraith eile.

Ag deireadh na 1940idí a thosaigh nuacht i nGaeilge, agus faoi 1954, bhí sí le fáil ach an lá sa tseachtain. Ba i nGaeilge a craoladh 10.6% (nó 460 nóiméid) de líon iomlán na gclár ar Radio Éireann faoi 1945, agus ba i nGaeilge, a craoladh 8.4% (nó 537 nóiméid) den líon iomlán clár i nGaeilge i 1955. Ba iad na 1950idí an seal is mó craolacháin i nGaeilge; faoi 1965, níor craoladh ach 6% den líon iomlán clár i nGaeilge (nó 170 nóiméad). Tar éis bhunú Raidió na Gaeltachta, laghdaíodh an méid ama níos mó: sa bhliain 1975, tugadh 2% (nó 115 nóiméad) den am craolacháin don Ghaeilge, agus bhí an céatadán mar an chéanna i 1985. Tá script chaint raidió anseo ón bhliain 1976 ina ndéanann Mairéad Ní Ghráda agus Andreas Ó Muimhneacháin athbhreathnú ar Radio Éireann mar a bhí (P259/1043).

Ó thaobh riaracháin de, thosaigh an staisiún le hArd-Stiúrthóir (‘stiúrthóir forleatha’ mar a bhí) agus foireann pháirtaimseartha de sheachtar. Ba é Séamus Clandiolúin an chéad Ard-Stiúrthóir. Faoi bhliain 1939, bhí triúr bolscairí, Oifigeach Riaracháin Foirne (‘Staff Administration Officer’), Oifigeach Mná (‘Woman Organiser’), Innealtóir, Oifigeach Nuachta, agus Oifigeach Cainte (‘Talks Officer’). Sa bhliain 1939 a ceapadh an Oifig Cainte nua sin, agus ceapadh Roibeárd Ó Faracháin mar oifigeach. Tugadh ‘Oifig Cainte is Fuireann-Chlár’ (‘Talks and Features’) uirthi i 1945 (agus ‘General Features Office’ i mBéarla i 1947).

D’éirigh Radio Éireann as ollfhreagracht na Roinne Poist agus Telegrafa le hAcht an Údaráis um Chraolacháin (1960); cuireadh an Roinn ar neamhni i 1984. Anois, is corparáid reachtúil é RTÉ.

Ba in Ard-Oifig an Phoist a bhí stiúideo Radio Éireann lonnaithe ó 1928 go dtí 1973, nuair ar thosaigh sé ag craoladh ón suíomh nua i nDomhnach Broc (24 Meán Fómhair).

Don chuid is mó, bhí na cáipéisí seo bailithe san Oifig Cainte is Foireann-Chlár, agus tá roinnt mhór acusan bailithe ag an script-scríbhneoir Proinsias Ó Conluain. Tháinig méid beag ábhair ón oifig RTÉ i gCorcaigh nuair a dúnadh an stiúideo ar Ché na hAontachta (‘Union Quay’) i 1995. (Ba i dTobar Rí an Domhnaigh, 1927–30, a bhí an chéad stiúideo Chorcaí, agus ath-bhunaíodh an stiúideo ar Ché na hAontachta (‘Union Quay’) i 1958. Aistríodh go dtí Cé an Áthar Maitiú é i 1995.)

## **2. An Oifig Cainte is Foireann-Chlár**

D’fhan Roibeárd Ó Faracháin san Oifig go dtí 1947, agus ón 1941 bhí sé ina leas-Ard-Stiúrthóir freisin, ar feadh cúpla bliain. As Baile Átha Cliath dó; bhí MA san fhealsúnacht aige, b’fhile agus scríbhneoir gearrscéalta i mBéarla agus i nGaeilge é, agus bhí suim san amharclann aige (ba stiúrthóir ag Amharclann na Mainistreach é ón bhliain 1940). Ceapadh é ina leas-Ard-Stiúrthóir Radio Éireann i 1947, agus ceapadh Proinsias Mac Maghnúis ina ionad mar Oifigeach Cainte is Foireann-Chlár (1947–65). Fear as Cill Chainnigh ab ea Mac Maghnúis, múinteoir, úrscéalai, file agus iriseoir i nGaeilge agus Béarla. Bhí beirt chuntasóirí aige, b’shin iad Cathal Ó Gríofa (le haghaidh clár Gaeilge) agus Mervyn Wall (le haghaidh clár Béarla); d’fhág Wall an post i 1957 agus ceapadh Micheal Littleton ina áit. Fuair Mac Maghnúis bás i 1965; ceapadh Donncha Ó Dulaing ina áit sin.

Cláir ildánacha agus éagsúla a bhí sna cláir, an ‘chaint raidió’ agus an ‘foireann-chlár’: ina measc, bhí léachtaí, agallaimh, mion-drámaí, cláir liotúirgeacha, agus cláir faoi théamaí áirithe a bhain úsáid as ábhar réamh-thaifeadta (‘scripteanna naisc’/ *linking-script*). In ábhar Phroinsias Uí Chonluain go háirithe, tá go leor scripteanna naisc ina ndéanann sé tagairt d’agallaimh agus ceol ar taifid: mar sin, níl an téacs iomlán sa script ach ‘creat’, ag tagairt m.sh. do ‘*tape 2, last item- Liam Ó Cuinneagáin*’ srl. Eagraíodh cláir Gaeilge in éineacht le cláir Béarla, ach rinneadh deighilt de réir teangan i gCartlann RTÉ i rith na 1990idí (féach bailiúchán P260).

Ní raibh an Oifig freagrach as nuacht an lae, ach bhí cláir d’ábhair reatha, den saghas *news digest*, eagraithe acu, agus duine aonair ag plé cúrsaí na linne óna dhearcadh féin: feictear cúpla ceann den ‘Tréimhseachán Teann’ ag údair áirithe (macasamhal Gaeilge den ‘Radio Digest’), agus ‘Tuairimíocht gan Teorann’ ag Proinsias Ó Conluain, sna 1940idí, agus feictear ‘nuacht-chaint’, go háirithe ó Chonchubhar Ó Ruairc, agus ó Phádraig Tyers (Stiúideo Chorcaí), ag deireadh na 1950idí agus sna 1960idí.

Caitear idirdhealú bréige a dhéanamh idir na mion-drámaí a craoladh mar ‘fhoireann-chláir’ (‘features’), agus ‘dráma’ *propre*. Rinneadh ‘drámú’ ar ábhar éigin i bhfoirm lúibíní (le ceol), agallamh beirte, agus miondrámaí tuilleadh cainteoirí. Bhain Diarmuid Ó hAlmhain agus Proinsias Ó Conluain úsáid as foirmeacha mar sin sa ‘Tréimhseachán Teann’ (cúrsaí na linne), agus bhí miondrámaí ag go leor údair eile (m.sh. Victor de Paor, Séamus Ó Mainnín, Caoimhín Ó Nualláin). Tá a thuilleadh foireann-chláir den saghas sin sa bhailiúchán RTÉ Radio Drama (P261).

Ó thaobh ábhar Gaeilge de, ba mhór an dul chun cinn ag Radio Éireann nuair a thosaigh obair an Aonaid Taifeadadh Taistil, i 1947. Go dtí sin, níor thaifeadeadh ach cainteoirí Gaeilge lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Sa bhliain chéanna, ceapadh beirt ‘oifigigh craolacháin eachtranaigh’ (‘outside broadcasting officers’) le haghaidh an Aonaid Taistil, Seán Mac Réamoinn agus Séamus Mac Aonghusa, agus triúr script-scribhneoirí, agus Proinsias Ó Conluain ina measc (níor scríobh an bheirt eile, Norris Davidson agus P.P.Maguire, ábhar i nGaeilge). Nuair a thosaigh séirbhís iomlán trí mheán na Gaeilge ag Raidió na Gaeltachta i 1972, rinneadh malartú foinsí ó am go chéile.

Is léir nach maireann iomlán na gcainteanna go léir a craoladh: maireann imleabhar innéacs ‘Scripts (Features) A-L’ ina liostaítear cainteanna le Máirtín Ó Cadhain (‘Fios’ agus ‘Féile Chorp Chríost’), caint le Proinsias Mac an Bheatha (‘As mo Dhuanair 1-2’), agus cainteanna le Tomás Luibhéid (m.sh. ‘An Armáid Spáinneach’ agus ‘Á Féacháint le Muintir Mic Eoin’) nach bhfuil ann a thuilleadh. (Tá an t-innéacs sin sa bhailiúchán cainteanna i mBéarla.)

### **3. Na húdair agus na cáipéisí**

Níor fostaíodh scríbhneoirí buana sa chéad fiche bliain, agus fiú tar éis dóibh cheapachán Phroinsias Uí Chonluain, braitheadh go mór ar scríbhneoirí Gaeilge nach raibh mar chuid de Radio Éireann: anseo, tá scrípteanna cainte le breis is 150 údar ann. Ina measc tá

- fostaithe ag Radio Éireann/RTÉ (m.sh. Proinsias Mac Aonghusa, Mairéad Ní Ghráda, Andreas Ó Gallchobhair);
- léachtoirí ollscoile agus múinteoirí (m.sh. Risteard B. Breathnach, Dónall Mac Amhlaidh, Sorcha Ní Ghuairim, Seán Ó Cróinín, Pádraig Tyers);
- scoláirí Gaeilge agus Béaloideasa (m.sh. Breandán Ó Buachalla, Seán Ó

Súilleabháin);

- scríbhneoirí agus filí Gaeilge (m.sh. Tomás Bairéad, Piaras Béaslaí, Pearse Hutchinson, Dónall MacAmhlaigh, Máirtín Ó Cadhain, Pádraig Óg Ó Conaire, Liam O'Flaherty, Criostóir Ó Floinn, Séamus Ó Grianna, Máirtín Ó Direáin; Micheál Ó hOdhraín, Muiris Ó Súilleabháin);
- polaiteoirí agus státseirbhíisigh (m.sh. Earnán de Blaghd, Leon Ó Broin);
- bailitheoirí (go gairmiúil nó mar chaitheamh aimsire) (m.sh. Seán de hÓra, agus tá comhfhreagras ó Sheán Ó hEochaidh);
- sagairt (m.sh. Victor de Paor, Tomás Ó Fiaich);
- aisteoirí (Niall Tóibín/ 'Frainc Ó Sé').

Ar na scríbhneoirí luaite thuas, bhí go leor a bhí gníomhach sna cogaidh ag tús an fhichiú haois, agus go leor a bhí ag obair ar son an Stáit nua a d'eascairigh astu. Tá méid mór scríbhneoirí Gaeilge a foilsíodh leabhair dá gcuid a raibh baint acu leis na gluaiseachtaí Gaeilge.

Uaireanta, léigh na húdair a scrípteanna féin, nó mhol siad léitheoir dá gcuid cainteanna. Ach go minic, luaitear ainmneacha léiritheoirí éagsúla ar na scrípteanna (leathanach teidil), agus ba bhaill den RÉP iad go minic. Ar na léiritheoirí sin, tá Micheál Ó Riain, Lom Luibhéid, Niall Tóibín, srl. Tá roinnt acu nótáilte sa liosta seo. Go han-mhínic, tá nótaí lámhscríofa ar an script atá leis na léitheoirí sin, agus ná cuirtear iad trí chéile le nótaí an údair féin, atá annamh go léir.

Don chuid is mó, is iad na scrípteanna a mhaireann, ach ó am go chéile, tá comhfhreagras ann fosta. San áireamh ann, tá idir litir mínithe faoi script áirithe agus chomhad chomhfhreagrais.

Bíodh ag an taighdeoir breathnú ar bhailiúchán Béarla (P260), agus ar bhailiúchán na ndramaí (P261): tá comhad ginearálta de chuid na hOifige Cainte is Foireann-Chlár ('General Features Office') sa bhailiúchán sin Béarla, agus litreacha breise a bhaineann le cainteanna i nGaeilge. Baineann siad leis na scríbhneoirí seo: Tomás Ó Catháin (Baile Átha Cliath), Pádraig S.Ó Cléirigh (Brí Chualainn), Pádraig Óg Ó Conaire (Gaillimh), Liam Ó Connacháin (Leitir Ceanainn), Seán Ó Ceallaigh (Inis), Séamus Ó Céilleachair (Tiobráid Árainn), Seán Ó Conghaile (An Spidéal), M. Mac Carthaigh (Tiobráid Árainn), Dominic Ó Ceallaigh (Downings), Máirtín Ó Cosgatha (Baile Átha Cliath). Fosta, breathnadh an taighdeoir ar bhailiúchán na ndrámáí, tá corr-chaint nach raibh léirithe ag Oifig Cainte, ach ag an Oifig Léiriúcháin ('Productions Office'), m.sh. ag Frank O'Connor.

Bhí an dáta chraolacháin ar an leathanach teidil de ghnáth, agus uaireanta, rinneadh nóta de na huairteanta freisin. Dealraíonn sé gur mhair caint 4 leathanach thart ar 15 nóiméad, agus caint 15 leathanach thart ar 45 nóiméad.

Bhí uimhreacha ar an chuid is mó de na caipéisí: is cosúil gur choras chomhdúchán luath é, thart ar 1940 go 1970. Níl riail soiléir ag baint leo go dtí 1950, ach ansin is féidir iad a úsáid chun garmheastachán a dhéanamh ar an dáta. Seo samplaí d'uimhreacha agus dátaí leo: 1444 (1941), 130 (1947), 28 (1953), 817 (1950), 2380 (1950), 73 (1951), 2458 (1951), 3213 (1955), 5100 (1960), 6437 (1968).

#### **4. Údar faoi leith: Proinsias Ó Conluain**

Rugadh Ó Conluain in aice leis an Bhinn Bhorb, Contae Tír Eoghain, agus rinne sé a chuid scoilíochta ag an Choláiste Phádraig, Ard Mhacha. Ba phrofléitheoir agus

eagarthóir ag an teach foilseacháin An Gúm é, ag tairiscint corr-script chuig Radio Éireann, sular thosaigh sé ag Raidió Éireann i 1947 ina script-scríbhneoir agus léiritheoir buan.

Mar léiritheoir, d'ullmhaigh sé sraitheanna agus cláir aonair le haghaidh an raidió, ag cuir spéise i ngnéithe éagsúla na teanga Ghaeilge, i stair na hÉireann, sa scannánaíocht in Éirinn, agus i gceol thraidisiúnta na hÉireann. Le haghaidh a chuid scrípteanna, rinne sé taighde trí chomhfhreagras le daoine áitiúla, chuaigh sé thart timpeall na tíre agus go háirithe chuig na ceantair Ghaeltachta ag bailiú ábhar fuaime, agus rinne sé tagairt d'fhoilseacháin a bhain leis an chlár. Uaireanta, d'eagair sé scrípteanna daoine eile.

Mar Ultach, bhí baint níos láidre leis na contaetha an tuaiscirt aige, ach thaisteal sé ar fud na tíre. Tá aiste 'Cín Lae Craoltóra' foilsithe ag Louis McRedmond (*Written on the Wind – Personal Memories of Irish Radio 1926–76*, Baile Átha Cliath 1976), agus é ag cuir síos ar obair an chraoltóra. [Féach P259/1127] Ó na 1980idí amach, laghdaíodh an méid ama taistil mar gheall, dealraíonn sé, go bhfuair sé ábhar taifeadta ó bhailitheoirí páirt-aimseartha, m.sh. Séamus Ó Colla, Bun Beag; Conall Ó Fearraigh, na Doiri Beaga; agus Seán Ó Maolchallann, Leitir Ceanainn.

D'eascraigh roinnt cláir raidió ó leabhair agus aistí a d'fhoilsigh sé nó a bhí lámh cúnta iontu aige, m.sh. *Scéal na Scannán* (1953), *An Duinníneach* (co-scríofa le Donnchadha Ó Céilleachair, 1958), *Micí Mac Gabhainn: 'Rotha Mór an tSaoil'* (le Seán Ó hEochaidh, eagraithe ag Ó Conluain, 1959), agus beathaisnéis an Iar-Uachtaráin Seán T.Ó Ceallaigh (1963).

D'éirigh an Conluanach as a phost i 1983. Bhí sé ina eagarthóir do *Dhúiche Néill* (Iris an Ó Néill County Historical Society) ó 1987; stopann a chomhfhreagras anseo i 1992.

Rinneadh deighilt ar a ábhair de réir teangan, ag dul leis an bhailiúchán mór: mar sin, faightear méid scrípteanna agus ábhar taighde sa bhailiúchán Béarla (P260). Is eisceachtaí na comhaid chomhfhreagrais ghinearálta (ó P259/ 1068): tá siad go huilg sa bhailiúchán seo, ce go bhfuil roinnt mhaith acu i mBéarla. Ní bheadh sé ciallmhar é a scríosadh aríst.

---

## **Stair Chartlainne**

Leis an ábhar iomlán, cuireadh méid beag cáipeisí taighde de chuid Phroinsis Uí Chonluain thart ar an bhliain 2000.

Tháinig UCD i seilbh ar na cainteanna raidió (Gaeilge) i Iúil 2011, a deir comhpháirtí le RTÉ.

---



---

## ÁBHAIR AGUS STRUCHTÚR

### Scóp agus Ábhair

**Ábhar Liteartha** Gearrscéalta; agallamh beirte agus miondrámaí; aistriúchán de shaothar scríbhneoirí as an Fhrainc, as an Rúis, as Éirinn; scrípteanna le mórscríbhneoirí i nGaeilge agus i mBéarla; le fostaithe Radio Éireann; le Gaeilgeoirí a bhí páirteach san iriseoireacht, san fhoilsitheoireacht, sa drámaíocht.

**Ábhar Teagaisc:** cainteanna faoi ábhair éagsúla idir bhéaloideas, stair na hÉireann, an teanga Ghaeilge; ceachtanna Ghaeilge.

**Ábhar Bhéaloidis:** meabhráin agus nótaí bailithe allamuigh; comhfhreagras le bailitheoirí béaloidis.

**Cuimhní Cinn:** faoi chogadh na Saoirse; faoin saol sa Ghaeltacht.

**Ábhar Taighde le Proinsias Ó Conluain:** meabhráin, nótaí agus comhfhreagras bailithe le haghaidh leabhair agus cláir raidió.

---

### Córas an Leagain Amach

<b>1</b>	<b>Údair agus Cláir Éagsúla: Scrípteanna agus Comhfhreagras</b>	
<b>1.1</b>	<b>Tomás Bairéad</b>	<b>1</b>
<b>1.2</b>	<b>Piaras Béaslaí</b>	
	1.2.1 Scrípteanna	<b>1</b>
	1.2.2 Comhfhreagras	<b>6</b>
<b>1.3</b>	<b>‘Blás Aniar’/ ‘Litir Aniar’</b>	<b>6</b>
<b>1.4</b>	<b>Risteárd B.Breathnach</b>	<b>7</b>
<b>1.5</b>	<b>Seán Breathnach</b>	<b>7</b>
<b>1.6</b>	<b>‘Conas a Déarfá?’</b>	<b>8</b>
<b>1.7</b>	<b>Séamus Daltún</b>	<b>9</b>
<b>1.8</b>	<b>Earnán de Blaghd</b>	<b>9</b>
<b>1.9</b>	<b>Pádraig Denn</b>	<b>9</b>
<b>1.10</b>	<b>Seán de hÓra</b>	<b>9</b>
<b>1.11</b>	<b>Victor de Paor</b>	<b>11</b>
<b>1.12</b>	<b>‘An Fáinne’</b>	<b>11</b>
<b>1.13</b>	<b>Pearse Hutchinson</b>	<b>11</b>

1.14	<b>Tomás Luibhéid</b>	12
1.15	<b>Dónall Mac Amhlaigh</b>	12
1.16	<b>Proinsias Mac an Bheatha</b>	14
1.17	<b>Tomás Mac Anna</b>	14
1.18	<b>Pádraig Mac an Ultaigh</b>	15
1.19	<b>Séamus Mac Aoidh</b>	15
1.20	<b>Criostóir Mac Aonghusa</b>	16
1.21	<b>Proinsias Mac Aonghusa</b>	16
1.22	<b>Labhrás Mac Brádaigh</b>	17
1.23	<b>Proinsias Mac Cana</b>	17
1.24	<b>Séamus Mac Ciarnáin</b>	17
1.25	<b>Seán Mac Fheorais</b>	18
1.26	<b>Calum I. Mac Ghille Eatháin</b>	18
1.27	<b>Gordon Mac Gill-Fhinnéin</b>	18
1.28	<b>Breandán Mac Giolla Choille</b>	19
1.29	<b>Proinsias Mac Giollarnáth</b>	19
1.30	<b>Seán Mac Giollarnáth</b>	20
1.31	<b>Pádraig Mac Giolla Ruaid</b>	20
1.32	<b>Alf Mac Lochlainn</b>	20
1.33	<b>Seán Mac Maoláin</b>	20
1.34	<b>Tomás Mac Mhuiris Ruaidh</b>	21
1.35	<b>Gearóid Mac Niocaill</b>	21
1.36	<b>Liam Mac Reachtain</b>	22
1.37	<b>Seán Mac Réamoinn</b>	23
1.38	<b>Tomás Mac Síthigh</b>	25
1.39	<b>Antoine Mac Suibhne</b>	26
1.40	<b>Éamonn Mac Suibhne</b>	28
1.41	<b>[Oscar Mac Uilis?]</b>	28
1.42	<b>Mairéad Ní Ghráda</b>	29
1.43	<b>Máire Ní Ghuairim</b>	29

<b>1.44</b>	<b>Sorcha Ní Ghuairim</b>	<b>30</b>
<b>1.45</b>	<b>Íde Ní Lochlainn</b>	<b>32</b>
<b>1.46</b>	<b>Mairín Ní Mhuirgheasa</b>	<b>32</b>
<b>1.47</b>	<b>Tomás Ó hAilín agus Caoimhín Ó Nualláin</b>	<b>33</b>
<b>1.48</b>	<b>Diarmuid Ó hAlmhain</b>	<b>33</b>
<b>1.49</b>	<b>Peadar Ó hAnnracháin</b>	<b>34</b>
<b>1.50</b>	<b>Micheál Ó hAodha</b>	<b>34</b>
<b>1.51</b>	<b>Conn Ó Briain</b>	<b>34</b>
<b>1.52</b>	<b>Liam Ó Briain</b>	
	1.52.1 Scripteanna	<b>35</b>
	1.52.2 Comhfhreagras	<b>35</b>
<b>1.53</b>	<b>Leon Ó Broin</b>	<b>36</b>
<b>1.54</b>	<b>Breandán Ó Buachalla</b>	<b>36</b>
<b>1.55</b>	<b>Máirtín Ó Cadhain</b>	<b>37</b>
<b>1.56</b>	<b>Cormac Ó Cadhlaigh</b>	<b>40</b>
<b>1.57</b>	<b>Tomás Ó Catháin</b>	<b>40</b>
<b>1.58</b>	<b>Seán Ó Ceallaigh</b>	<b>40</b>
<b>1.59</b>	<b>Donnchadh Ó Céileachair</b>	<b>41</b>
<b>1.60</b>	<b>Séamus Ó Céilleachair</b>	
	1.60.1 Scripteanna	<b>41</b>
	1.60.2 Comhfhreagras	<b>42</b>
<b>1.61</b>	<b>Seán Ó Ciarghusa</b>	<b>43</b>
<b>1.62</b>	<b>Seán Ó Ciosáin</b>	<b>43</b>
<b>1.63</b>	<b>Tomás Ó Cofaigh</b>	<b>44</b>
<b>1.64</b>	<b>Séamus Ó Coigligh</b>	<b>44</b>
<b>1.65</b>	<b>Tadhg Ó Coincheannain</b>	<b>44</b>
<b>1.66</b>	<b>Pádraig Óg Ó Conaire</b>	<b>45</b>
<b>1.67</b>	<b>Caoimhín Ó Conghaile</b>	<b>47</b>
<b>1.68</b>	<b>Seán Ó Conghaile</b>	<b>48</b>
<b>1.69</b>	<b>Liam Ó Connacháin</b>	<b>48</b>

1.70	Seán Ó Cróinín	48
1.71	Brian Ó Cuív	50
1.72	Pádraig Ó Dálaigh	51
1.73	Máirtín Ó Direáin	51
1.74	Pádraig Ó Domhnaill	52
1.75	Peadar N.Ó Domhnaill	52
1.76	Eoghan Ó Domhnaill Dhonnchaidh	54
1.77	Pádraig Ó Domhnalláin	57
1.78	Niall Ó Dónaill	57
1.79	Diarmuid Ó Drisceoil	58
1.80	Brian Ó Dubhda	58
1.81	Domhnall Ó Dubhda	58
1.82	Seosamh Ó Duibhginn	59
1.83	Seán Ó hÉarlí	59
1.84	Cathal Ó hÉideáin	60
1.85	Seán Ó Faoláin	60
1.86	Roibeárd Ó Faracháin	60
1.87	Pádraig Ó Fiaich	61
1.88	Tomás Ó Fiaich	62
1.89	Brian Ó Fianachta	62
1.90	Pádraig Ó Finneadha	62
1.91	Liam Ó Flaithearta	63
1.92	Domhnall Ó Flannagáin	64
1.93	Micheál Ó Flanagáin	65
1.94	Criostóir Ó Floinn	65
1.95	Tomás Ó Floinn	66
1.96	Aindrias Ó Gallchobhair	66
1.97	Piaras Ó Gaora	67
1.98	Risteárd Ó Glaisne	67
1.99	Eoghan Ó Grádaigh	67

1.100	Séamus Ó Grianna ('Máire')	68
1.101	Cathal Ó Gríofa	74
1.102	Seán Ó Grogáin	75
1.103	Seosamh Ó Hileaird	75
1.104	Tomás Ó Laighin	75
1.105	[ ] Ó Leathluir	75
1.106	Seán Ó Leocháin	76
1.107	Anraí Ó Liatháin	76
1.108	Seán Ó Luing	76
1.109	Séamus Ó Mainnín	79
1.110	Seán Ó Maolbhrighde	81
1.111	Caoimhín Ó Marcaigh	83
1.112	Pádraig Ó Méalóid	83
1.113	Aindrias Ó Muimhneacháin	84
1.114	Diarmuid Ó Muirithe	84
1.115	Seán Ó Mulláin	84
1.116	Pádraig Ó Neachtain	85
1.117	Séamus Ó Néill	85
1.118	Caoimhín Ó Nualláin	86
1.119	Gearóid Ó Nualláin	86
1.120	Pádraig Ó Nuatáin	87
1.121	Micheál S. Ó hÓdhráin	88
1.122	Tadhg Ó Rábhartaigh	94
1.123	Tomás Ó Raghallaigh	96
1.124	Seán Ó Riada	97
1.125	Breandán Ó Riain	97
1.126	Liam Ó Riain	97
1.127	Seán P. Ó Riain	98
1.128	Breandán Ó Riordáin	98
1.129	Dominic Ó Riordáin	99

<b>1.130</b>	<b>Seán Ó Ríordáin</b>	<b>99</b>
<b>1.131</b>	<b>Conchubhair Ó Ruairc</b>	<b>99</b>
<b>1.132</b>	<b>Frainc Ó Sé (i.e. Niall Tóibín)</b>	<b>115</b>
<b>1.133</b>	<b>Muircheartach Ó Séaghda</b>	<b>116</b>
<b>1.134</b>	<b>Conchobhar Ó Síothcháin</b>	<b>116</b>
<b>1.135</b>	<b>Eoghan Ó Súilleabháin</b>	<b>116</b>
<b>1.136</b>	<b>Muiris Ó Súilleabháin</b>	
	1.136.1 Scripteanna	<b>117</b>
	1.136.2 Comhfhreagras	<b>117</b>
<b>1.137</b>	<b>Seán Ó Súilleabháin</b>	<b>118</b>
<b>1.138</b>	<b>Aodh Ó Tuama</b>	<b>128</b>
<b>1.139</b>	<b>Diarmuid Ó Tuama</b>	<b>128</b>
<b>1.140</b>	<b>Seán Ó Tuama</b>	<b>129</b>
<b>1.141</b>	<b>Seán Óg Ó Tuama</b>	<b>129</b>
<b>1.142</b>	<b>Daithí Ó hUaithne</b>	
	1.142.1 Scripteanna	<b>130</b>
	1.142.2 Comhfhreagras	<b>130</b>
<b>1.143</b>	<b>Breandán Ó hUallacháin</b>	<b>131</b>
<b>1.144</b>	<b>Tarlach Ó hUid</b>	<b>132</b>
<b>1.145</b>	<b>Seán Ó hUrmoltaigh</b>	<b>132</b>
<b>1.146</b>	<b>Mainchín Seoighe</b>	<b>133</b>
<b>1.147</b>	<b>Gearóid Stockman</b>	<b>133</b>
<b>1.148</b>	<b>Nioclás Tóibín</b>	<b>133</b>
<b>1.149</b>	<b>Seán Tóibín</b>	<b>134</b>
<b>1.150</b>	<b>Tomás Tóibín</b>	<b>136</b>
<b>1.151</b>	<b>‘Tráth na gCeist’</b>	<b>136</b>
<b>1.152</b>	<b>Pádraig Tyers</b>	<b>137</b>
<b>1.153</b>	<b>Pádraig Ua Cianáin</b>	
	1.153.1 Scripteanna	<b>149</b>
	1.153.2 Comhfhreagras	<b>149</b>

<b>1.154</b>	<b>Pádraig Ua Maoileoin</b>	<b>149</b>
<b>1.155</b>	<b>Gan Ainm</b>	<b>151</b>

## **2 Script-Scríbhneoir Proinsias Ó Conluain**

2.1	Scripteanna chaint raidió	<b>152</b>
2.2	Ábhar taighde agus chomhfhreagras	<b>207</b>
2.3	Gearrtháin nuachtán	<b>240</b>

---

## **COINNÍOLLACHA AR ROCHTAIN**

### **Rochtain**

Tá gá le ticéad léitheora de chuid UCDA; tá sé riachtanach coinne a dhéanamh. Táthar le fáil ar mhionscannán amháin.

### **Teanga**

Gaeilge, méid beag Béarla.

### **Cabhair aimsithe**

Clár tuairisciúil.

---

## **CUIR SÍOS**

### **Coinbhinsiúin**

Fágadh an tseanlitriú sna teidil mar ar fuarthas iad, m.sh.'girrphiadh' (giorria), 'leitrídheacht' (litríocht), 'Easbog' (Easpag) srl.

Bhí uimhreacha le 2, 3 agus 4 digit ar roinnt mhór cáipéisí: ní chítear cathain ar cuireadh iad síos iad (an t-am ar glacadh leo nó am an chraolacháin). Nótáiltear anseo iad mar '*Uimhir de chuid RTÉ*'. (Féach an réamhfhocal, thuas.)

### **Nóta an Cartlannaithe**

An chartlannaí Vera Orschel a scríobh an clár tuairisciúil seo, i Márta 2012.

---

## **ÁBHAIR COIBHNEASACH**

### **Ábhair coibhneasach sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath**

#### **Cartlann**

P24 Páipéirí de chuid Earnáin de Blaghd

#### **Sainchnuasaigh, Leabharlann James Joyce**

SC/ÓR Páipéirí de chuid Sheáin Uí Riordáin

#### **Cnuasach Bhéaloideas Éireann (CO BÁC)**

Bhí Seán Ó Súilleabháin, agus líon mór script-scribhneoirí atá le fáil anseo, bainteach leis na bailiúcháin seo.

#### **Ábhair coibhneasach sa Chartlann Raidió RTÉ**

Maireann roinnt bheag taifid fuaime de chlár ráidió.

#### **Nóta faoi Fhoilseacháin**

Maurice Gorham *Forty Years of Irish Broadcasting* (Baile Átha Cliath, 1967)

---



## Radio Éireann/ RTÉ: Cairt Eagraíochta 1926–80

Tá na dataí bunaithe ar Maurice Gorham *Forty Years of Irish Broadcasting* (1967), ar na Tuairiscí Bliantúla 1946, 1947, 1960/61, ar an suíomh idirlín RTÉ 'History of RTÉ' (Márta 2012). Nuair nach bhfuil luaite ach bliain amháin, is é an data a fheictear trácht ar an duine sa chartlann. Ní thugtar sonraí faoi oifigí nó postanna neamhbhainteacha leis an bhailiúchán (m.sh. Oifig an Bholscaire).

		<b>Ard-Stiúrthóir</b> Séamus Clandiolún (1926–35) Tomás Mac Thighearnáin (1935–40) Séamus Ó Braonáin (1940–7) Roibeárd Ó Braonáin (1947–8) Cathal E. Ó Ceallaigh (1948–52) Maurice Gorham (1952–9) Edward J. Roth (1960–2) Kevin C. McCourt (1962–8) Thomas P. Hardiman (1968–75?) Oliver Maloney (1975–8) ...		
	<b>Oifigeach Léiriúchán Gaeilge</b> Seumas Mac Aodha (1935)		<b>Ceol</b> Stiúrthóir: Fachtna Ó hAnnracháin (1950s) (Vocal Assistant ...) (Ceolfhoirne 'Symphony' agus 'Light'...)	
	<b>(Eagarthóir na Nuachta...)</b>	<b>Leas Ard-Stiúrthóir</b> Séumas Hughes/ Ó hAodha (1929–35) Frank Gallagher (1935–9) Séamus Ó Braonáin (1939–?) Roibeárd Ó Faracháin [1941–3]		
	<b>(Bolscaire...)</b>	<b>Stiúrthóir na gClár</b> (from 1953)/ <b>Clárú</b>		
<b>Bolscaire Mná/</b> (níos déanaí) <b>Cláracha Paistí</b>	<b>Oifig Cainte/</b> (níos déanaí) <b>Oifig Cainte is Foireann-Chlár</b>	Ceannas: Roibeárd Ó Faracháin (1953–69?)	<b>Script-Scríbhneoirí agus Oifigí Craolta Seachtracha</b>	<b>Léiriúchán</b> (dráma & <i>variety</i> )
Ceannas: Mairéad Ní Ghráda [1928–9]	Ceannas: Roibeárd Ó Faracháin (1939–47)		Ceannas: Philip Rooney (1953–61) Ceannas: Norris Davidson (1961–?)	Stiúrthóir: John McDonagh (1935–47) Stiúrthóir: H.L. Morrow (1947–51)
Ceannas: Cait Ní Rodaigh (?–1953?)	Ceannas: Frank MacManus (1947–65)	Ceannas: Seán Mac Réamoinn (1970s)	Script-Scríbhneoir: Norris Davidson (1947–61)	Stiúrthóir: Micheál Ó hAodha (1951–3 acting, 1953–[80s])
Ceannas: Séamus Ó Caomhanaigh (1954–?)	Cuntasóir: Cathal Ó Griofa (1947?–post 1967)	Cuntasóir: Pádraig Ó Raghallaigh	Script-Scríbhneoir / (ó na 1970idí) Léiritheoir Sinsearach: Proinsias Ó Conluain (1947–83)	Leas-Stiúrthóir?: Séamus Ó Caomhanaigh ?–1954)
Cuntasóir: Méadhbh Ní Chonmhíde (1954) Cuntasóir: Máire Nic Eoin	Cuntasóir: Mervyn Wall (1948–57) Cuntasóir: Carmel O'Leary		Script-Scríbhneoir: P.P. Maguire (1947–?) Cuntasóir?: Thomas	Cuntasóir: James Plunkett (1955–?) Cuntasóir?: Séamus

[1960s]

(1957–61?)  
Cuntasóir: Michael Littleton  
(1961–post 1967)

**Leiritheoir Cainte**

Gerard Victory (?–1961)

**Foireann-Chlár agus Cúrsaí**

**Reatha** (comharba na hOifige  
Cainte)

Ceannas: Muiris Mac Congáil  
(1970s)

Ceannas: Michael Littleton  
(1972–?)

O'Hagan  
Cuntasóir: Áine McEvoy  
(1966)

Breathnach (1960)

**Radio Éireann Players  
(REP) ó 1947**

Oifigeach Craolta  
Seachtracha: Seán Mac  
Réamoinn (1947–58)  
Oifigeach Craolta  
Seachtracha: Séamus  
Mac Aonghusa (1947–51)

**Stiúdeo Chorcaí** (Cé na hAontachta, 1958–95)

Oifigeach Réigiúnach: Seán Mac Réamoinn (1958–9)

Oifigeach Réigiúnach: Síle Ní Bhriain (1959–?)

## 1 Údair agus Cláir Éagsúla: Scripteanna agus Comhfhreagras

### 1.1 Tomás Bairéad

**P259/ 1** 13 Eanáir 1955

71l

#### **Beairic a'Doirín**

Cóip charbóin de script chaint raidió i bhfoirm gearrscéil.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 3213.]

### 1.2 Piaras Béaslaí

#### 1.2.1 Scripteanna

**P259/ 2** [1942?]

171l

#### **Fut Fat Féasóg!**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió; sínithe.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 135.]

**P259/ 3** 10 Mi Aibreán 1947

111l

#### **Cuimhní Cinn**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió a thugann léirmheas ar chuimhní cinn foilsithe ag Liam Ó Briain; sínithe.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 130.]

**P259/ 4** 6 Feabhra 1952

191l

#### ***The Freeman's Journal***

Lámhscríbhinn de script chaint raidió; sínithe.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 134.]

**P259/ 5** 4 Márta 1952

181l

#### **An tÓglach**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió; sínithe.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 117.]

**P259/ 6**

4 Márta 1952

18ll

**Bunú Óglach na hÉireann 1913**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió; sínithe.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 129.]

**P259/ 7**

21 Márta 1952

18ll

**Nuair a Bhíos san IRB**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió; sínithe.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 121.]

**P259/ 8**

25 Márta 1952

18ll

**Aisteoirí Fáin sa Ghaeltacht**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió; sínithe.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 128.]

**P259/ 9**

5 Aibreán 1952

18ll

**Ard-Staf Airm na Poblachta**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió; sínithe.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 124.]

**P259/ 10**

8 Aibreán 1952

18ll

**Dáil Éireann 1919–1921**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió; sínithe.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 136.]

**P259/ 11**

15 Aibreán 1952

18ll

**An Peann's an Gunna**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió; sínithe.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 120.]

**P259/ 12**

Bealtaine–Meitheamh 1952

2 mhír

Féach P259/  
27, 1110

**Falaí Cloch agus Dréimírí Téad: 1-2**

Scripteanna lámhscríofa de shraith chainteanna raidió; sínithe. Tá teidil áirithe orthu: 1. 'Mar d'Éaluíos as Príosún Mountjoy' 2. 'Mar a d'Éaluíos as Príosún Manchester' [Uimhreacha sa chéad liosta: 132, 133.]

**P259/ 13**

14 Aibreán 1955

18ll

**Mar Tugadh an Bhratach Slán**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió; sínithe. Tá an dara teideal ann: 'Bhíos i Láthair: Caint ó Phiaras Béaslaí ar Sheachtain na Cásca 1916'. [Uimhir de chuid RTÉ: 3296A.]

**P259/ 14**

23 Meán Fómhair 1959

16ll

**Eagarthóireacht fé Thalamh**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió; sínithe. [Uimhir de chuid RTÉ: 4922.]

**P259/ 15**

14 Deireadh Fómhair 1959

16ll

**Mise agus an Stáitse I**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió; sínithe. [Uimhir de chuid RTÉ: 4948.]

**P259/ 16**

Iúil 1958–Feabhra 1960

13 mír

**Mo Chara... [Cara Dhom]**

Scripteanna (idir dhréachtanna agus chóirchóipeanna) de chainteanna raidió. Ag cuir síos ar chairde dá chuid, ná Fiachra Eilgeach, Pádraig Ó Duinnín, Pádraig Ó Conaire, Tórna, Osborn Ó Aimhirgín, Colm Ó Murchadha, Sean Mac Diarmada, 'Seán Mac Murchadh Caomhánach', Steafán Mac Éanna. Tá roinnt de na lámhscríbhinní sínithe. [Uimhreacha sa chéad liosta: 4551 ar 11 ceann, 4684, 5032.]

**P259/ 17**

28 Bealtaine 1960

16ll

**Oireachtas na Gaillimhe, 1913**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió; sínithe. Tá an dara teideal ann: 'Cileabhar is Corraí: Cuntas ó Phiaras Béaslaí'.

[*Uimhir de chuid RTÉ: 5097.*]

**P259/ 18**

27 Lúnasa 1960

16ll

**Eachtraí i dTigh Ósta**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió; sínithe.

[*Uimhir de chuid RTÉ: 5184.*]

**P259/ 19**

24 Samhain 1960

15ll

**Cogadh na Rinncí**

Cóip charbóin lámhscríofa de script chaint raidió; sínithe.

[*Uimhir de chuid RTÉ: 4940.*]

**P259/20**

18 Lúnasa 1960

16ll

**Mar a Chailleamar an Craoibhín: Oireachtas Dhún Dealgan 1915**

Lámhscríbhinn de chaint raidió; sínithe.

[*Uimhir de chuid RTÉ: 5187.*]

**P259/21**

3 Samhain 1960

16ll

**Tuille Eachtraí i dTigh Ósta**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió; sínithe. Tá an dara teideal ann: 'Ruathar is Rannsó'.

[*Uimhir de chuid RTÉ: 5185.*]

**P259/22**

15 Samhain 1960

16ll

**Cúirt gan Ceart**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió; sínithe.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 5188.]

**P259/ 23**

Bealtaine 1959–Samhain 1960

4 mhír

Féach  
P259/851, 957,  
1099

**Beatha Phádraig Uí Dhuinnín**

Dréacht agus cóirchóip de script chaint raidió; comhfhreagras a bhain leis an chaint. Ag tabhairt léirmheasa ar bheathaisnéis le Proinsias Ó Conluain agus Donncha Ó Céileachair; Béaslaí ag tabhairt chomhairle faoin Duinníneach.

Iniata:

- Litir ón Bhéaslaíoch chuig Proinsias Ó Conluain (29 Samhain 1960), agus meabhrán faoina haithne phearsanta ar Phádraig Ó Duinnín (8ll).  
[Uimhir de chuid RTÉ: 4782.]

**P259/ 24**

27 Nollaig 1960

16ll

**Eachtraí Nodlag 1915–21**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió; sínithe.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 5186.]

**P259/25**

13 Iúil 1961

16ll

**Mise agus Craobh an Chéitinnigh**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió; sínithe.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 5344.]

**P259/26**

Bealtaine-Lúnasa 1961

2 mhír

**Ceannairí Eile na Troda 1916**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió agus litir mhínithe ón Bhéaslaíoch chuig Cathal [ ]. Ag rá gurbh í an chaint dheiridh; ar pháipéar litreach ceanteidil an Catholic Commercial Club, Baile Átha Cliath.

[Uimhir de chuid RTÉ: 5371.]

**P259/27** 29 Aibreán 1965

8ll

Féach P259/  
12, 1110

**Escapes from Mountjoy**

Dréacht lámhscríofa de script chaint raidió. (*i mBéarla*)

**1.2.2 Comhfhreagras**

**P259/28** Eanáir 1950–Meitheamh 1954

21 mír

Comhad comhfhreagrais idir Béaslaí, an tOifigeach Cainte agus Fuireann-Chlár Proinsias Mac Maghnúis, agus oifigigh eile ag Radio Éireann. Déantar trácht ar chlár nua (m.sh. ‘Comhairle do Chách’); iarrtar ar Bhéaslaí cainteanna agus léirmheasanna a scríobh (m.sh. foireann-chlár faoi Éirí na Cásca i 1954); déantar trácht ar scrípteanna cainte nach maireann, m.sh. clár faoin fhilíocht (1951), agus faoin dráma ‘Na Gualadóirí’.

Iniata:

- Litir ón Bhéaslaíoch, Catholic Commercial Club, Baile Átha Cliath, chuig Cathal Ó Gríofa, Oifig Cainte agus Fuireann-Chlár, Radio Éireann, ag plé aistriúcháin a rinne sé ar dhráma Gearmáinise de chuid Oscar Herrmann, ag trácht ar an ghrinn sa dráma sin (17 Meán Fómhair, 2ll).

**1.3 ‘Blás Aniar’/ ‘Litir Aniar’**

**P259/29** Meitheamh 1953–Samhain 1957

46 mír

Comhfhreagras idir oifigigh Radio Éireann agus daoine éagsúla i gCúige Chonnacht, faoi chlár cúrsaí reatha in Iarthar Chonnacht a thosaigh faoin teideal ‘Blás Aniar’ i 1953 (‘Litir Aniar’ ó 1956). Ag an tús, thaifeadadh ábhar idir agallamh agus cheol, ag baint úsáide as an Aonad Taifeadadh Taistil, ach ón 1957 amach, níl ann ach ‘litir’ scríofa ag duine áitiúil. Tá comhfhreagras idir an léiritheoir Pádraig Ó Raghallaigh (an fear a raibh an chéad smaoinemh aige faoin chlár), Leas-Stiúrthóir Roibeárd Ó Faracháin, Cathal Ó Gríofa (san Oifig Cainte is Fuireann-Chlár) agus eile ag Radio Éireann; agus script-scríbhneoirí áitiúla Micheál Ó hÓdhráin, Clár Chlainne Mhuiris; Pádraig Ó Neachtain, Rosmuc; Micheál Ó Droighneáin, Na Forbacha; an tAthair Eric Mac Fhinn, Coláiste na hOllscoile Gaillimh. Pléitear cúis agus scóp an chlár, costachas, cúrsaí cóipchirt, déantar clárú ama. Cuireadh deireadh leis an tsraith i Samhain 1957. (Déantar trácht ar chlár cosúil leis seo a reáchtáil Seán Mac Réamoinn riamh maidir le Chúige Uladh, eadhon ‘Blás Aduaidh’.)



P259/29

Iniata:

- Litir ó [Phroinsias Ó Conluain], Rath Fearnáin, chuig Cathal [Ó Gríofa], Radio Éireann, ag moladh go nglacfaí le Micheál Ó Droighneáin, Na Forbacha, mar script-scribhneoir, agus ag caint faoi scóp an chlár (7 Deireadh Fómhair 1956);
- Gearrthán ó *Amárach*; léirmheas dearfach faoin chlár 'Litir Aniar' (Deireadh Fómhair 1957, 11).

#### 1.4 Risteard B. Breathnach

P259/30

16 Aibreán 1956

6 mhír

##### **Fé Fhód an tSlé**

Scripteanna (idir dhréachtanna agus chóirchóipeanna) de dhá chainteanna raidió, faoi na teidil 'Dearud' agus 'Cuimhne'.

[Uimhir de chuid RTÉ: 3642.]

P259/31

Mí Mean Fómhair-Samhain 1958

6 mhír

##### **Ar Lorg na Gaelainne sa Mhumhain**

Scripteanna clóscríofa de chainteanna raidió; sraith faoi Ghaeltachtaí na Mumhan.

[Uimhir de chuid RTÉ: 4295.]

P259/32

2 Mí Deireadh Fómhair

4ll

An Fear Muar

Clóscríbhinn de script chaint raidió; cuir síos ar iar-mhúinteoir Choláiste na Rinne. 'Mr.O Gríofa' scríofa ar an chéad leathanach.

[Uimhir de chuid RTÉ: 4925.]

#### 1.5 Seán Breathnach

P259/33

15 Lúnasa 1955

6ll

##### **Pretoria**

Cóip charbóin de script chaint ráidí. Tá ainm agus seoladh an údair ann (san Aifric Theas).

### 1.6 ‘Conas a Déarfá?’

**P259/34**

[Feabhra] 1946–Deireadh Fómhair 1953

85 mír

Féach P259/  
651

Comhad comhfhreagrais agus meabhráin a bhain leis an chlár seachtainiúil ‘Conas a Déarfá?’. Reáchtáladh an clár idir 1946 agus 1948; ó Mhí an Meithimh 1950 go dtí [Eanáir] 1951; agus i rith 1953: glacadh le habairt nó frása i mBéarla ón lucht éisteachta, agus iad á dtabhairt do na hionadaithe le haghaidh aistriúchán Gaeilge sna trí chanúint. Tá comhfhreagras idir Roibeárd Ó Faracháin, Proinnsias Mac Maghnúis, Oifig Cainte agus Fuireann-Chlár, agus oifigigh eile ag Radio Éireann; an reachtaire Daithí Ó hUaithne; ionadaithe ó Chúige Uladh, Cúige Connachta agus Cúige Mumhan (m.sh. Fionn Mac Cumhail, Niall Ó Dónaill, Pádraig Óg Ó Conaire, Pádraig Ó Raghallaigh, Aindrias Ó Muimhneacháin, Tomás Ó Floinn, an tAthair Eric Mac Fhinn); an tOifigeach Foilseachán, an Roinn Oideachais; agus baill den lucht éisteachta. Sa chomhfhreagras, pléitear ionadaí oiriúnacha don chlár idir oifigigh Radio Éireann; tairgítear post ar an chlár agus glactar nó diúltaítear leis; pléitear coinníollacha fostaíochta leis na hionadaí; socraítear ar chlárú, agus glactar le ceisteanna ón lucht éisteachta. Sna meabhráin, cuirtear síos rialacha an chlár, agus pléitear na hionadaithe. Dhiúltaigh roinnt fear páirt a ghlacadh (m.sh. Tomás Ó hEighneacháin, Séamas Ó Searcaigh). Tá roinnt bheag abairtí chun aistriú, ach níl aon fhreagra ann (féach thíos, comhad ag Daithí Ó hUaithne). Tá trácht ar an iarracht an tsraith a fhoilsiú mar leabhar i 1949 agus gur theip orthu leis.

Iniata:

- Comhfhreagras inmheánach RTÉ, ag moladh gan ‘Máire’ a fhostú don chlár mar bheadh sé ina ‘chrádh-chroí go deo’ (25 Feabhra 1946, 21l);
- Comhfhreagras idir Seán Mac Lellan, Oifigeach Foilseacháin, An Roinn Oideachais, agus Roibeárd Ó Braonáin, Stiúrthóir Foirleatha, Radio Éireann; iarrann Mac Lellan, scripteanna an chlár a fháil le haghaidh an fhoclóra nua Béarla-Gaeilge a bhí á thiomsú acu. Gealltar scripteanna i 1950 ach dúradh go raibh cóipcheart ag na daoine a bhí páirteacha sa chlár (Bealtaine 1948 agus Bealtaine 1950, 4 mhír).
- Meabhrán le [Cathal Ó Gríofa] ag ainmniú reachtairí agus ionadaithe na dtrí chanúint arbh’ fhearr leis féin don chlár, agus Máirtín Ó Direáin, Máirtín Ó Cadhain, Donn Piatt, An Seabhac, agus Séamas Mac Ciarnáin ina measc (Meitheamh 1953, 1l).

### 1.7 Séamus Daltún

**P259/35**

21 Deireadh Fómhair 1957

111l

#### **An Ghaeilge agus Saol an Lae Inniu: 3. Caighdeán don Ghaeilge**

Clóscríbhinn de script chaint raidió; ní mhaireann ón tsraith sin ach an tríú páirt.

### 1.8 Earnán de Blaghd

**P259/36**

**Gan dáta**

9 mír

#### **Nithe is Cuimhin Liom**

Scripteanna (dréachtanna clóscríofa) de chainteanna raidió; naoi bpáirt ó shraith faoin teideal céanna. Tá ceartúcháin lámhscríofa ar chúpla ceann, agus nótaí gairide ag an údar go bhfuil scrípteanna le ceartú agus le gearrú fós, ar an chuid is mó. Níl ord na gcainteanna soléir.

*[Uimhir de chuid RTÉ: 182.]*

### 1.9 Pádraig Denn

**P259/37**

Gan dáta [1940idí]

81l

#### **Aighneas an Pheacaigh leis an Bhás**

Clóscríbhinn de script chaint raidió i bhfoirm agallaimh. Nóta gairid leis faoin údar (18ú aois); ní fios cé a d'eagraigh é chun craolachán raidió.

*[Uimhir de chuid RTÉ: 144.]*

### 1.10 Seán de hÓra

**P259/38**

26 Feabhra 1965

81l

#### **Lá an Choca**

Clóscríbhinn de script chaint raidió. Tá an focal 'féir' lámhscríofa leis an teideal ['choca féir']. Aithnítear an t-údar mar Gharda, Áras an Gharda Cruimlinge.

*[Uimhir de chuid RTÉ: 5950.]*

**P259/39**

19 Lúnasa 1965

2 mhír

**An Strainséar sa Chathair – Cuimhní le Seán de hÓra**

Dréacht (lámhscríbhinn, sínithe) agus cóirchóip de script chaint raidió.

*[Uimhir de chuid RTÉ: 6011.]*

**P259/40**

30 Nollaig 1965

7ll

**An Nollaig a Bhíod**

Clóscríbhinn de script chaint raidió.

*[Uimhir de chuid RTÉ: 6067.]*

**P259/41**

29 Aibreán 1966

7ll

**Timpeall Ceann Slé**

Clóscríbhinn de script chaint raidió.

*[Uimhir de chuid RTÉ: 6208.]*

**P259/42**

1 Iúil 1966

7ll

**An Inid ar an mBuailtín – Cuimhní**

Clóscríbhinn de script chaint raidió.

*[Uimhir de chuid RTÉ: 6155.]*

**P259/42**

16 Nollaig 1966

5ll

**Cuilt an Oileáin – an Chéad Chaint**

Clóscríbhinn de script chaint raidió. Ní mhaireann ón tsraith sin ach páirt amháin.

*[Uimhir de chuid RTÉ: 6717.]*

### 1.11 Victor de Paor

**P259/44**

Gan dáta

7ll

#### **Mise Pádraig**

Clóscríbhinn de script chaint raidió, i bhfoirm agallaimh, agus roinnt ceartúcháin lámhscríofa air. Nóta: ‘agallamh samhailteach, bunaithe ar Fhaoistin Phádraig’.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 6098.]

### 1.12 ‘An Fáinne’

**P259/45**

Aibreán 1948–Aibreán 1950

10 mír

Comhfhreagras idir Seosamh Ó Cadhain, Rúnaí, An Fáinne, Proinsias Mac Maghnais, Oifigeach Cainte is Fuireann-Chlár, Radio Éireann, agus an stáisiún ag freagairt iarrachta an Fháinne, caint a n-uachtaráin, Peadar Ó Máille, a chraoladh. Tá an cumann ‘ag iarraidh an Fáinne a neartughadh anois ar fud na tíre’, mar cé go bhfuil gasraí de ar fud na tíre, tháinig laghdú ar an chumann i rith an chogaidh (9 Aibreán). Rinneadh trácht go raibh Peadar Ó Máille, Uachtarán an Fháinne, ag obair ag Radio Éireann sna 1930idí. Aontaíonn Radio Éireann le léacht amháin a chraoladh, ach tá ábhar ar iarraidh agus ní fios ar craoladh ábhar ar bith faoi dheireadh.

Iniata:

- Meabhrán de chuid Phroinsias Mhic Mhanuis, Oifigeach Cainte is Fuireann-Chlár, ag tairiscint a thuairimí diúltacha ar an Fháinne (‘ná fuil géog ‘sa bhFáinne anois’) agus ar an rúnaí, duine a cháin an droch-Ghaeilge ag Radio Éireann riamh (‘thug sé ide na muc ’s na madraí don Stáisiún agus domhs-sa’) (8 Nollaig, 11);

### 1.13 Pearse Hutchinson

**P259/46**

8 Samhain 1961

2 mhír

#### **An tOileán Órga**

Dréacht agus cóirchóip de script chaint raidió; roinnt ceartúcháin ar an dréacht.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 5383.]

### 1.14 Tomás Luibhéid

**P259/47** 22 Meitheamh 1949

22ll

#### **Mála an Éithigh**

Clóscríbhinn de script chaint raidió do phaistí, i bhfoirm ceithre miondrámaí, agus teidil áirithe leo: ‘An Captaen Amundsen’, ‘My Old Howth Gun’, ‘James Clarence Mangan’, ‘Cloig’.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 1769.]

**P259/48** Gan dáta

20ll

#### **Sláinte an Bhradáin**

Clóscríbhinn de script chaint raidió, i bhfoirm mhiondráma. Roinnt cheartúchán air.

### 1.15 Dónall Mac Amhlaigh

**P259/49** 4 Iúil 1959

2 mhír

#### **Réidh leis an tSiúlóid**

Dréacht (sínithe) agus cóirchóip clóscríofa de script chaint raidió i bhfoirm gearrscéil.

**P259/50** 30 Deireadh Fómhair 1959

8ll

#### **Breach-Ghaeltacht na gCarr Asal (Deoraí ag Breathnú Siar)**

Dréacht clóscríofa de script chaint raidió; roinnt mhór ceartúcháin lámhscríofa air. [Uimhir de chuid RTÉ: 4937.]

**P259/51** Samhain-Nollaig 1959

6 mhír

#### **Saol Saghdiúra**

Scripteanna clóscríofa de chaint raidió. Sraith cainteanna ata faoi na teidil: ‘Slán le Gaillimh’, ‘Ar Churrach Chill Dara’, ‘Ag Foghlaim Ceird an tSaighdiúra’, ‘Céad Slán le Currach Chillardara’ ‘Ar Ais i nGaillimh’, ‘Sí Gaillimh mo Mhian’.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 4961.]

**P259/52**

13–20 Meitheamh 1960

2 mhír

**Ár muintir i gCéin**

Scripteanna clóscríofa de chainteanna raidió. Sraith trí chaint nach maireann ach an chéad dhá cheann di; faoi na teidil ‘An Náibhí Éireannach sa mBreatain’ agus ‘An Spailpín ar an gCoigrich’.

[*Uimhir de chuid RTÉ: 5106.*]

**P259/53**

11 Iúil 1960

2 mhír

**Coimhlint**

Dréacht agus cóirchóip clóscríofa de script chaint raidió. Tá ceartúcháin ar an dréacht; sínithe.

[*Uimhir de chuid RTÉ: 5111.*]

**P259/54**

Meán Fómhair– Deireadh Fómhair 1960

4 mhír

**Cinnlae Náibhí (4 pháirt)**

Clóscríbhinní de scrípteanna chaint raidió: sraith ceithre pháirt, faoin teideal céanna. Cóirithe don raidió agus léirithe ag Pádraig Ó Conceanainn.

[*Uimhir de chuid RTÉ: 5178.*]

**P259/55**

8 Feabhra 1961

9ll

**Sean Laoch gan Iomrá**

Clóscríbhinn de script chaint raidió; ag trácht ar Sheán Ó Braonáin.

[*Uimhir de chuid RTÉ: 5263.*]

**P259/56**

4 Iúil 1962

2 mhír

**Obair idir Lámha – Diarmaid Ó Donnail**

Dréacht agus cóirchóip clóscríofa de script chaint raidió. Níl sé soléir más teideal sraith cláir é, ‘Obair idir Lámha’.

**P259/57** 26 Nollaig 1962

2 mhír

**Saothrú na Nollag**

Dréacht agus cóirchoip clóscríofa de script chaint raidió, i bhfoirm gearrscéil. Tá roinnt ceartúcháin ar an dréacht; sínithe. *[Uimhir de chuid RTÉ: 5556.]*

**P259/58** 14 Meitheamh 1963

8ll

**Dea-rún**

Clóscríbhinn de script chaint raidió i bhfoirm gearrscéil. Tá roinnt ceartúcháin lámhscríofa ann. *[Uimhir de chuid RTÉ: 5637.]*

**1.16 Proinsias Mac an Bheatha**

**P259/59** 17 Lúnasa 1963

7ll

**Ceiliúradh na Bua**

Clóscríbhinn de script chaint raidió. Dealraíonn sé gurb é an chéad pháirt de shraith cainteanna faoin teideal ‘Sleachta as mo scéal’ é. *[Uimhir de chuid RTÉ: 5685.]*

**P259/60** Lúnasa-Meán Fómhair 1966

2 mhír

Féach  
P259/1027,  
1030, 1113

**Seosamh Mac Grianna I agus II**

Clóscríbhinní de scripteanna chaint raidió. *[Uimhir de chuid RTÉ: 6206.]*

**1.17 Tomás Mac Anna**

**P259/ 61** 29 Nollaig 1954

5ll

**Treabhadh gan Toradh**

Clóscríbhinn de script chaint raidió ‘ag comóradh bunú Amharclainne na Mainistreach ó thaobh drámaíochta na Gaeilge de’. *[Uimhir de chuid RTÉ: 3195.]*



**1.18 Pádraig Mac an Ultaigh**

**P259/ 62**

15 Feabhra 1954

2 mhír

**Ionsaí**

Dréacht agus cóirchóip (lámhscríofa agus clóscríofa) de script chaint raidió.

*[Uimhir de chuid RTÉ: 2798.]*

**1.19 Séamus Mac Aoidh**

**P259/63**

19 Lúnasa 1957

12ll

**Coimhthiolán na gCeallach**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió. Ainmnítear an t-ábhar mar ‘an fhírinne faoin Kelly Gang’; tá seoladh an údair leis; sínithe.

*[Uimhir de chuid RTÉ: 4131.]*

**P259/64**

29 Iúil 1959

2 mhír

**Lucht Gaeilge ‘s Gunnai**

Dréacht agus cóirchóip (lámhscríofa agus clóscríofa) de script chaint raidió. Leis an nóta ‘Gaeilge Cúige Uladh’.

*[Uimhir de chuid RTÉ: 4860.]*

**P259/65**

3 Meán Fómhair 1960

10ll

**Crág de Dhuilleoga Darach**

Lámhscríbhinn de script chaint raidió. Ainmnítear an t-ábhar ná seanchas faoi Naomh Cholm Cille; tá seoladh an údair leis.

*[Uimhir de chuid RTÉ: 5165.]*

### 1.20 Criostóir Mac Aonghusa

**P259/66**

18 Meán Fómhair 1959

4 mhír

#### **Conamara Inné 's Inniu**

Lámhscríbhinní de scripteanna chaint raidió faoina teidil seo leanas: 'Ó Ghaillimh Siar', 'Fear na FíorGhaeltachta', 'An tAthrú Mór', 'As Seo Amach'. Tá roinnt ceartúcháin orthu; sínithe.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 4914.]

**P259/67**

13 Meán Fómhair 1962

2 mhír

#### **Obair Idir Lámha**

Dréacht agus cóirchóip clóscríofa de script chaint raidió. Tá ceartúcháin ar an dréacht; sínithe.

**P259/68**

19 Nollaig 1963

3ll

#### **Úrscéal ón Tuaisceart**

Clóscríbhinn de script chaint raidió; roinnt bheag ceartúcháin air. Ag caint faoi scríbhneoireacht Phádraig Uiséir.  
[Uimhir de chuid RTÉ:5747.]

### 1.21 Proinsias Mac Aonghusa

**P259/69**

Iúil 1955–Meán Fómhair 1961

58ll

#### **Scripteanna Éagsúla**

Cóip sé script chaint raidió (faoi cheangal fáinneach). Tá na cainteanna seo a leanas istigh ann:

1. Lá na nDromaí
2. Pádraig Ó Conaire
3. An Mhuc san bParlús
4. An Chéad Dáil Éireann
5. Mar a Thosaigh an t-Ár (Sarajevo)
6. Bóithre, Beoir agus Bladar

Ní fios cén fáth a rinneadh cóipeanna. Ní mhaireann na scripteanna tosaidh.

[Uimhir de chuid RTÉ: 4091,4678, 4689,5380.]

### 1.22 Labhrás Mac Brádaigh

**P259/70** 26 Aibreán 1949

12ll

#### **Carraig Lom**

Clóscríbhinn de script chaint raidió i bhfoirm gearrscéil.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 1847.]

### 1.23 Proinsias Mac Cana

**P259/71** 3–10 Deireadh Fómhair 1953

2 mhír

#### **Sean-Litríocht na Gaeilge 1-2**

Clóscríbhinní de scrípteanna chaint raidió. Tá ceartúcháin lámhscríofa gairide ann.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 1886.]

**P259/72** Samhain-Nollaig 1956

3 mhír

#### **Aistriúchán ó Shean-litríocht na Gaeilge**

Cóipeanna carbóin de scrípteanna chaint raidió.  
[Uimhir de chuid RTÉ: 3914.]

### 1.24 Séamus Mac Ciarnáin

**P259/73** 28 Lúnasa [1954?]

6ll

#### **Log Ainmneacha Theidhlinn**

- Pléitear nósanna Lá 'le Pádraig (17 Márta);
- Tuairisc faoi Ghaelgeoirí i gCarraig Mhachaire Rois (5 Bealtaine);
- Agallamh leis Tomás Ó Sabhaois faoi fhadhbanna tithíochta i nDún Geanainn (23 Meitheamh).

**P259/1022** Eanáir–Nollaig 1970

47 mír

**An Mhuintir s' Againne: 59-105** (4 mhír ar iarraidh)

Clóscríbhinní agus lámhscríbhinní de scrípteanna chaint raidió. Clár 'tuairimí, caint, agus ceol ... ó mhuintir na Gaeltachta', as na Gaeltachtaí uilig. Bhí an clár ar siúil achan Luan ó 10.30 go 11. i.n. Roinnt ábhar lámhscríofa leo. Is script naisc é seo: tá na hagallaimh is an ceol féin ar téipeanna agus níl na focail taifeadta anseo.

Iniata:

- Tuairisc faoi dhrochstaid na Gaeilge in Uíbh Ráthach – agallamh le Pádraig Ó Duinneacha (12 Eanáir);
- Micheál Ó Flannabhra ag labhairt faoin imirce as na hoileáin Chonamara le déanaí (6 Aibreán);
- Agallamh leis an fhile Mac Dara Ó Fátharta, Inis Meáin (4 Bealtaine);
- Agallamh le Pádraig Ó Dubhchon as Toraigh (24 Lúnasa);
- Amhrán ó Bhríd Bean Mhic Fhloinn, 'Máire Ní Chomhghaill' (28 Meán Fómhair);
- Tuairisc faoi cheardchumann uachtarlainne i nGhaeltacht Iorrais (19 Deireadh Fómhair);
- Scéal báis Mháirtín Uí Chadhain (19 Deireadh Fómhair).

**P259/1023** 10 Nollaig 1970

11

**Cúrsaí Reatha**

Blogh (cóip charbóin) de script chaint raidió; cinnlínte nuachta (5 mhír) Éireannacha agus idirnáisiúnta, cuir síos gairid, agus ainmneacha na dtuairisceoirí.

**P259/1024** 25 Nollaig 1970

411

**An Gleann inar Tógadh Mé**

Clóscríbhinn de script chaint raidió, faoin lucht eisimirce.

**P259/1025** Eanáir-Nollaig 1971

44 mír

**An Mhuintir s' Againne: 109-157** (4 mhír ar iarraidh)

Clóscríbhinní agus lámhscríbhinní de scrípteanna chaint raidió. Clár 'tuairimí, caint, agus ceol ... ó mhuintir na Gaeltachta', as na Gaeltachtaí uilig. Bhí an clár ar siúil achan Luan ó 10.30 go 11. i.n. Roinnt ábhar lámhscríofa leo. Is script naisc é seo: tá na hagallaimh is an ceol féin ar téipeanna agus níl na focail taifeadta anseo.

Iniata:

- Agallamh le hEibhlín Bean Uí Lorcáin, Bearna, a chaith seal sa Phailistín i 1947 (1 Feabhra);
- Máirtín Ó Direáin ag caint faoina leabhar filíochta nua (8 agus 15 Feabhra);
- Agallamh le Seosamh Ó Cuaig, Cearta Sibhialta na Gaeltachta, faoin difhostaíocht i gceantair na Gaeltachta (19 Bealtaine);
- Sliochta as léacht Mháiréad Uí Chonbuí ag Oireachtas Ráth Chairn faoi Fhilí na Mí (30 Lúnasa);
- Píosa faoi shochraid Sheáin Uí Riada (11 Deireadh Fómhair);
- Tomás Ó Murchú, ag caint faoin tsuiteáil leictreachais ar Oileán Cléire (15 Samhain);
- Amhrán ó Sheán Ó Liatháin, Baile Bhuirne, 'Na Bleaganna' (29 Samhain).

**P259/1026** 17-19 Deireadh Fómhair 1972

211

**Ar an Sean-Nós: 1-2**

Clóscríbhinní de scrípteanna chaint raidió.



**P259/1027** Eanáir–Nollaig 1972

46 mír

**An Mhuintir s' Againne: 158-207** (4 mhír ar iarraidh)

Clóscríbhinní agus lámhscríbhinní de scrípteanna chaint raidió. Clár 'tuairimí, caint, agus ceol ... ó mhuintir na Gaeltachta', as na Gaeltachtaí uilig. Bhí an clár ar siúil achan Luan idir 10 agus 11 i.n. Roinnt ábhar lámhscríofa leo. Ní anseo ach téacs e seo a chuir creat ar an chlár; tá na hagallaimh is an ceol féin ar téipeanna agus níl na focail taifeadta anseo.

Féach

P259/60, 1030,  
1038, 1113

Iniata:

- Agallamh le Pádraig Ó hEithir faoin saol in Árann (3, 10 Eanáir);
- Amhrán ó Mháire Nic Eachmharcaigh 'Thíos i Lár an Ghleanna' (24 Eanáir);
- Agallamh le Seosamh Watson, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, faoi Árann agus oileáin na hEorpa (14 Feabhra, 13 Márta);
- Tuairiscí ó Éigse Ghobnait; Éigse Raifterí, agus Éigse na Mumhan (Feabhra agus Bealtaine);
- Trácht ar thosú Radio na Gaeltachta (3 Aibreán);
- Agallamh le Seosamh Mac Grianna agus daoine saineolaithe faoi, ag Éigse Uladh (27 Aibreán);
- Léacht le Tomás Ó Fiaich faoi 'Mháire' agus saol i Rann na Feirste (12 Meitheamh);
- Agallamh le Tomás Ó Tuathail, Cumann Chaoirigh Shléibhe, Tuar Mhic Éide (17 Iúil);
- Agallamh le Máire Ní Bhraonáin, Gaoth Dobhair, faoin Fhéile Cheilteach i Lorient (18 Meán Fómhair).

**P259/1028** 20 Feabhra 1972

5ll

**Éigse Ghobnait i nDún Chaoin**

Clóscríbhinn de script chaint raidió; fotheideal ná 'Deireadh Seachtaine i gComhlúadar Éigse agus Suadha Chorca Dhuibhne'. Roinnt ceartúcháin air.

**P259/1029** 2 Aibreán 1972

9ll

**Seal ag Siúil Bhíos**

Féach

P259/1132

Clóscríbhinn de script chaint raidió: 'ar ócáid thionscnamh Radio na Gaeltachta, breathnaíonn Proinsias Ó Conluain siar ar chúig bhliain is fiche de thaisteal agus de thaifeadadh i gceantair Ghaeilge.'

- P259/1030** 30 Aibreán 1972  
51l  
**Seosamh Mac Grianna: A Shaol is a Shaothar**  
Féach P259/60, Clóscríbhinn de script chaint raidió: 'léirmheas is léiriú ó Éigse  
1027, 1113 Uladh '72 i nGaoth Dobhair, á dtiomsú ag Proinsias Ó Conluain.'
- P259/1031** 24 Nollaig 1972  
71l  
**An Nollaig i dToraigh**  
Féach Clóscríbhinn de script chaint raidió: 'caint, ceol agus seanchas ón  
P259/1017 oileán ó thuaidh, arna gcnuasach agus arna gcur i lAthair ag  
Proinsias Ó Conluain.'
- P259/1032** 31 Nollaig 1972  
121l  
**1922- Athbharr: 4**  
Féach Clóscríbhinn de script chaint raidió. Sraith cheithre chlár a bhí  
P259/1114 ann, 'mar chomóradh ar bhliain mhórchinniúna i nua-stair na  
hÉireann'. Ní mhaireann den tsraith seo ach aon mhír amháin.
- P259/1033** 1–29 Eanáir 1973  
5 mhír  
**An Mhuintir s' Againne: 208-212**  
Clóscríbhinní de scripteanna chaint raidió; roinnt ábhar  
lámhscríofa leo. Deireadh an chlár seo, agus é ar siúil ar an Luan  
idir 10 agus 11 i.n. Ní anseo ach téacs e seo a chuir creat ar an  
chlár; tá na hagallaimh is an ceol féin ar téipeanna agus níl na  
focail taifeadta anseo.  
Iniata:  
  - Agallamh leis an sagart paróiste i mBearna, paróiste nua-  
bhunaithe (1 Eanáir, 1 mhír);
  - Tuairisc ar scríbhneoir agus gníomhaí teangan Seán Mac  
Maoláin, a fuair bás ar na mallaibh (20 Eanáir, 1 mhír).
- P259/1034** Feabhra–Samhain 1973  
14 mír  
**An Mhuintir s'Againne ó Thuaidh: 1-[ ]**  
Clóscríbhinní de scripteanna chaint raidió; roinnt ábhar  
lámhscríofa leo. Clár nua dírithe ar chúrsaí an tuaiscirt, a bhí

**P259/1034**

leagtha amach ar an chuma céanna leis an chéad cheann, ach craolta ní ba mí-rialta, idir achan coicíos agus achan tríú seachtain. Ní chomhraítear na míreanna tar éis uimhir a 7.

Iniata:

- Tuairisc faoin pháipéar nua *Gaeltacht*, foilsithe i nGaoth Dobhair, agus faoin stádas iriseoireachta i nGaeilge (5 Feabhra, 1 mhír);
- Agallamh le Peadar O'Donnell faoi shaol sna Rosa (19 Márta);
- Caint le Dónall mac an Ghallóglaigh, An Cabhán, faoi Uilliam Bedell agus am a shaoil (8 Deireadh Fómhair, 1 mhír).

**P259/1035**

Feabhra–Mí Márta 1973

6 mhír

Féach  
P259/1120

**The Waves of Tory/ Toraigh na dTonn is na bhFonn: 1-3**

Comhad scripteanna chaint raidió i mBéarla agus i nGaeilge, faoin saol ar Oileán Thoraigh, agus faoin amhránaíocht. Ón chlár Béarla, tá an fógra faoin chlár, agus an script féin. I nGaeilge, bhí sraith 3 mhír i gceist, agus bhí na teidil seo a leanas ar na cláir: 1.'Séamas Ó Mianáin (Jimmy Shéamais Bháin)', 2.'Liam agus Séamus Ó Dúgáin, Baile Thoir', 3.'Teresa Bean Mhic Laifeartaigh'. Tá achoimre clár eile ann fosta nach bhfuil an script ann de, 'Toraigh Inné agus Inniu'.

**P259/1036**

25 Mí Márta 1973

6ll

Féach  
P259/1121

**Na Coláistí Ullmhúcháin**

Clóscríbhinn de script chaint raidió.

**P259/1037**

Bealtaine-Meitheamh 1973 (1983)

7 mír

Féach P259/  
1116-1119

**Daoine agus Dúichí/ People and Places: 1-4**

Clóscríbhinní de scripteanna chaint raidió dhátheangacha, in éineacht le fógra faoin chlár (i nGaeilge agus Béarla), agus ábhar ó athchraoladh in 1983. Roinnt ceartúcháin agus aguisíní leis. Tá teidil áraithe ar na mír eanna, eadhon 1.'Michael J.Murphy' (i mBéarla), 2.'Seán Ó hEochaidh', 3.'An Suibhneach Meann ó Chúil Aodha', 4.'Fear ina Dhúiche'. Rinneadh athchraoladh den 3ú páirt i 1983 sa chlár 'Taifead' i 1983.

- P259/1038** 25 Samhain 1973  
2 mhír  
**Chonaic Muid an Lá**  
Clóscríbhinn de script chaint raidió faoin 'Athrú Saoil i nGaeltacht Ghaoth Dobhair', agus gearrthán nuachtán ón *Derry People*, ag plé an chláir.
- P259/1039** 25 Nollaig 1974  
4ll
- Féach  
P259/1132 **Slán is Céad**  
Cóip charbóin de script chaint raidió, faoi lucht na n-eisimircigh.
- P259/1040** 25 Nollaig 1975  
2ll  
**An Nollaig i gCléire**  
Clóscríbhinn de script chaint raidió. Níl ach réamhrá agus focail dheiridh; déantar tagairt ar agallaimh agus ábhar eile ar théipeanna áraithe.
- P259/1041** 17 Mí Márta 1975  
4 mhír  
**Lúireach Phádraig**  
Clóscríbhinn de script chaint raidió, agus ábhar bainteach leis in éineacht. Tá fógra ann faoin chlár, maraon le bileog cheoil (nótaí ceoil) leis an iomann 'Lúireach Phádraig'.
- P259/1042** 8 Feabhra 1976  
10ll  
**Radio Éireann agus an Ghaeltacht**  
Clóscríbhinn de script chaint raidió; roinnt cheartúchán air. Tá dréacht de leagan amach an chláir ann ar leathanach ar leith.
- P259/1043** 14 Mí Márta 1976  
10ll  
**Radio Éirann agus Athbheochan na Gaeilge**  
Clóscríbhinn de script chaint raidió; agallamh le baill foirne sinsearacha, agus tuairisc.

- P259/1044** 16 Aibreán 1976  
8ll  
Féach P259/1131 **An Coróinn Spíona**  
Clóscríbhinn de script chaint raidió; clár d'Aoine an Chéasta.
- P259/1045** 26 Nollaig 1976  
3ll  
**Inis Meáin faoi Nollaig**  
Cóp charbóin de script chaint raidió.
- P259/1046** 16 Eanáir 1977  
4ll  
**Inis Meáin: mar a Bhí agus mar Atá**  
Cóp charbóin de script chaint raidió; agallaimh le daoine áitiúla.
- P259/1047** 8 Aibreán 1977  
2 mhír  
Féach P259/1131 **An Coróinn Spíona**  
Lámhscríbhinn (dréachtanna) agus clóscríbhinn de script chaint raidió; clár d'Aoine an Chéasta.
- P259/1048** 28 Nollaig 1977  
4ll  
Féach P259/124, 861, 1079 **An Nollaig in Árainn Mhóir**  
Clóscríbhinn de script chaint raidió.
- P259/1049** 17 Mí Márta 1978  
3 mhír  
**'Maidin Lá Fhéile Phádraig...'**  
Clóscríbhinn de script chaint raidió, agus ábhar breise riaracháin leis. Tá liosta d'amhránaithe páirteach sa chlár a ghlac le táillí as a gcuid amhránaíochta.

- P259/1050** 24 Mí Márta 1978  
41l  
Féach P259/1131 **‘Seinn, Seinn, a Chláirseach Bhinn’**  
Clóscríbhinn de script chaint raidió, le haghaidh Aoine an Chéasta.
- P259/1051** 11–15 Samhain 1978  
4 mhír  
Féach P259/1132 **The Island Exodus/ Toraigh le Bánú?**  
Comhad de scripteanna chaint raidió agus ábhar bainteach leo. Bhí péire dhá chaint sa tsraith faisnéiseach dhátheangach seo. Tá nóta gairid ón Roinn Talmhaíochta leis seo mar eolas ar Inis Tairbirt.
- P259/1052** 17 Mí Márta 1979  
31l  
Féach P259/1143 **Dóchas Linn Naomh Pádraig**  
Clóscríbhinní de script chaint raidió.
- P259/1053** 17 Mí Márta 1980  
2 mhír  
Féach P259/1135 **An Pota Pádraig**  
Cóipeanna carbóin de script chaint raidió; clár don bhFéile. Leis, sin, tá liosta an cheoil ar baineadh usáid as ann.
- P259/1054** 6 Feabhra 1983  
121l  
**Peadar O’Donnell, 1893–1983 (Léacht Thomáis Dáibhis)**  
Clóscríbhinn de léacht le Proinsias Ó Conluain, faoi shaol agus faoi shaothar an phoblachtanaigh is scríbhneora. Tá athfhriotail óna shaothar dírbheathaisnéise (i mBéarla).

- P259/1055** Nollaig 1994  
91l  
**‘The Raw Bar’: An Sean-Nós Amhránaíochta ar Oireachtas na Gaeilge**  
Cóip de aiste nó léacht; roinnt ceartúcháin.
- P259/1056** Gan dáta  
31l  
**Ceol ó Oileáin Chonamara**  
Clóscríbhinn de script chaint raidió. Agallaimh, ceol agus damhsa le dhaoine áitiúla.
- P259/1057** Gan dáta  
11  
**Amhráin ó Ghaoth Barra**  
Clóscríbhinn de script chaint raidió; tá ceithre amhrán áitiúil faoi scrúdú.
- P259/1058** Gan dáta  
11  
**File Ghleann Fhinne**  
Clóscríbhinn de script chaint raidió faoi Pheadar Breathnach.
- P259/1059** Gan dáta  
11  
**Currach is Naomhóg**  
Clóscríbhinn de script chaint raidió; réamhrá ar agallamh le hOscar Mac Uilis (atá ar téip).
- P259/1060** Gan dáta  
11  
**Gan teideal**  
Blogh de script chaint raidió clóscríofa, faoi sheanchas Bhaile na Finne, Tír Chonaill. Agallaimh le Seamas Ó Coinn agus le Muiris Mac Gaoithín.

- P259/1061** Gan dáta  
21l  
**Castar na Gaeil ar a Chéile i Sasana**  
Clóscríbhinn de léacht; léargas pearsanta an Chonluanaí ó chuairteanna ar Sasana. Is féidir go bhfuil ábhar deiridh ar iarraidh.
- P259/1062** Gan dáta [1950i]  
41l  
**Gan teideal**  
Blogh (cóip charbóin) de script chaint raidió; clár faisnéise faoi pholaitíocht i Nua Eabhrac agus sna Stáit Aontaithe, ag tagairt ar Ed Flynn, La Guardia, agus an Teachta Kefauver. Tá an chéad leathanach, agus 1.4, ar iarraidh.
- P259/1063** Gan dáta  
171l  
**‘Diaga, Amadanta no Gairsiúil’**  
Cóip charbóin de script chaint raidió i bhfoirm agallaimh; clár faisnéise faoi ‘Mahaffy agus Atkinson os comhair Choimisiúin an Mheán-Oideachais 1898–1999’.
- P259/1064** Gan dáta  
21l  
**Udair ag Obair**  
Clóscríbhinn de script chaint raidió: ‘roinnt scríbhneoirí agus taighdeoirí Ultacha ag caint ar a saothar’, Liam Mac Reachtain agus Séamas Mac Giolla Easpaig ina measc. Roinnt ceartúcháin air.
- P259/1065** Gan dáta  
141l  
**Don Ambrosio agus Don Bernardo Ó hUigín**  
Cóip charbóin de script chaint raidió, i bhfoirm miondrama.



**P259/1066** Gan dáta [post 1939]  
71l  
**Scáth an Ósta' le Ernest A.Jelf**  
Coip charbóin de script chaint raidió i bhfoirm miondráma aistrithe ag Micheál Ó Cuileanáin agus cóirithe don raidió ag Proinsias Ó Conluain.

**P259/1067** Gan dáta  
3 mhír  
**Seanchas faoi Naomh Pádraig**  
Comhad scrípteanna raidió de scréalta seanchais faoi Naomh Pádraig. Tá teidil áirithe orthu, 'Naomh Pádraic agus Crom Dubh', 'Bean an Tábhairne', 'Na Trí Mallachtaí'. Ní fios ar mbaineadh úsáid astu le haghaidh cláir Lá Fhéile Pádraig. Níl nóta tagartha leo.

## 2.2 Taighde agus Chomhfhreagras

**P259/1068** 1946–8  
3 mhír  
**Comhfhreagras ginearálta sna 1940idí**  
Féach P259/60, 1027, 1030, 1113  
Comhad de chomhfhreagras idir Proinsias Ó Coinluain agus an Oifigeach Cainte is Fuireann-Chlár, Roibeárd Ó Faracháin; pointí beaga faoin obair ag an Stáisiún Foirleatha.  
Iniata:  
• Cóip litreach ón Stiúrthóir Foirleatha [Radio Éireann] chuig an scríbhneoir Seosamh Mac Grianna, ag tairiscint suim airgid le haghaidh craoladh a leabhair *Mo Bhealach Féin*, ach ag rá go bhfuil an chóipcheart ag an Rialtas – ag achainí ar Mhac Grianna é sin a admháil. Gan fios cé a sheol chuig an Chonluainach é seo (1948, 1l).

**P259/1069** 1948–50  
8 mír  
**Rialacha Comórtais**  
Comhad d'fhógraithe agus rialacha clóscríofa faoi chomórtais próis (gearrscéalta agus foireann-chláir) agus dráma reáchtáilte ag Radio Éireann.

**P259/1070** Feabhra–Mí Márta 1950

12 mír

Féach  
P259/814

**Caomhnóirí an Bhéil Bheo**

Comhad cáipéisí bainteach leis an chlár ar craoladh 26 Márta 1950. Tá idir mheamraim; comhfhreagras idir an Conluanach, agus na béaloideasóirí Seán Ó Súilleabháin is Séamus Ó Duilearga; ghearrthán nuachtáin; agus dréacht den script ann. Ag ullmhú taifid don gclár, ag bailiú eolais faoi chúrsaí an Choimisiúin Bhéaloideas Éireann.

Iniata:

- Gearrthán nuachtáin ('S.É.') 'Day to Day – Folklore Commission Gets to its Feet' (4 Feabhra 1950, 11);
- Scripteanna de chainteanna Chiaráin Bairéad, Phádraig Uí Bheirn, Shéamais Uí Duilearga, Sheáin Uí Shúilleabháin (gan dátaí, 4 mhír).

**P259/1071** 17 Feabhra 1950

11

Litir ó Chaoimhín Ó Danachair chuig Proinsias Ó Conluain, ag seoladh ceirníní chuige a bhfuil gutha Sheáin Uí Chonaill agus Tomáis Howard orthu. Ní fios cen chlár ar baineadh úsáid as ina leith.

**P259/1072** 4–7 Deireadh Fómhair 1951

3 mhír

Féach P259/  
837

**Amhráin ó Rann na Feirste**

Comhad cáipeisí bainteacha le clár craolta i 1951. Tá comhfhreagras idir Ó Conluain agus Aodh Ó Duibheannaigh, Baile Átha Cliath, agus meabhrán leis an Duibheannach, 'An Ceol i Rann-na-Feirste'.

**P259/1073** 27–29 Feabhra 1952

3 mhír

Féach  
P259/853,  
865, 1081,  
1091

**Claisceadal Cois Life**

Comhad cáipéisí bainteacha le clár faoin Chlaisceadal, craolta i rith 1952. Tá comhfhreagras idir Ó Conluain; An Seabhac, Cólucht Oideachais na hÉireann, Seán Óg Ó Tuama, Baile Átha Cliath; agus dréacht chainte 'An Claisceadal – Caint leis an Seabhac'.

**P259/1074** Meitheamh-Iúil 1952

10 mír

**Focal ar Phár**

Féach P259/  
828, 848

Comhad cáipéisí (cló-agus lámhscríofa) bainteach leis an chlár ‘Focal ar Phár’, scríofa ag Eibhlín Brereton. Tá comhfhreagras idir Proinsias Ó Conluain (Radio Éireann), Éamonn Mac Giolla Iasachta (An Leabharlann Náisiúnta), Brereton (Coimisiún Lámhscríbhinní), ‘An Seabhac’ (Pádraig Ó Siochrú, Comhlacht Oideachais na hÉireann), agus tá dréacht na scrípte atá á phlé eatarthu.

Iniata:

- Dréacht lámhscríofa chaint an ‘Seabhaic’ [Iúil, 4ll].

**P259/1075** 5–26 Iúil 1952

14 mír

**Sean-Phádraig**

Féach  
P259/850

Comhad cáipéisí bainteacha le clár raidió a craoladh 15 Lúnasa 1952, faoi Phádraig Ó Conaire. Tá comhfhreagras idir an Conluanach agus daoine páirteacha sa chlár (m.sh. Dónall Ó Súilleabháin); dréachtanna cainte leis an Súilleabhánach, le Seán Mac Giollarnátha, le P.D.Conroy; meabhrán faoi shaol Uí Chonaire.

Iniata:

- Meabhrán dar teideal ‘Sean-Phádraic’, ag tagairt do Liam Ó Briain: ‘Seosamh Ó Grianna started the picturesque and romantic lie of the bourgeois of Galway starving him when alive and putting up a statue to him when dead.’ [Iúil, 2ll].

**P259/ 1076** Aibreán-Meitheamh 1952

15 mír

**Comhar: 10 mBlíana**

Féach P259/  
765, 826, 846,  
1076

Comhad cáipéisí bainteach le clár raidió faoin iris *Comhar*. Tá comhfhreagras idir an Conluanach agus daoine páirteacha sa chlár mar Aodhagan Brioscú, James Ó Floinn, ‘T.’ de Bhaldraithe, ‘M.’ Ó Flathartaigh, agus daoine eile nach iad; tá scrípteanna agus dréachtana cainte lena gcuid. Ag déanamh taighde ar bhunadh agus obair na hirise.

Iniata:

- Litir ó Chláir Ní Dhruigneáin, *Comhar*, ag seoladh cóipe de ghearrscéal le Liam Ó Flaithbheartaigh chuig Ó Conluain -ní fios caidé mar atá siad bainteach lena chéile (18 Meitheamh, 1l);
- Meabhrán beathaisnéise Sheáin Uí hÉigeartaigh, gan síniú, i mBéarla (gan dáta, 2ll).

**P259/1077** Aibreán 1950–Feabhra 1952

36 mír

***An Claidheamh Solus agus An Irisleabhar Gaeilge***

Féach P259/  
843-844

Comhad cáipéisí bainteacha le dhá chlár raidió ar craoladh i Eanáir agus Feabhra 1952. Tá meabhráin faoi na seanirisí Gaeilge, agus go háirithe an dhá cheann thuasluaite; tá comhfhreagras le rannpháirtithe sa chlár a raibh baint acu leis na hirisí sin (Piaras Béaslaí, Eoghan Ó Neachtain, Fiachra Eilgeach, Colm Ó Gaora, Seán Mac Giollarnáth); tá meabhráin óna lámha féin, agus meabhráin scríofa ag an Chonluanach faoi an dhá pháipéar; dréachtanna den dhá script.

Iniata:

- Gearrthán ón *Irish Press*, ‘Páipéir Ghaeilge a bhí ann roimhe seo’ le Colm Ó Flaitheartaigh (17 Aibreán 1950, 11);
- Litir ó Phiaras Béaslaí, Baile Átha Cliath chuig Proinsias Ó Conluain, ag cuir síos faoin lámh cúnaimh a bhí ag Ó Rathghaille sa *Chladhaimh Soluis*, 1913–14 (7 Feabhra 1952, 21l).
- Meabhráin de chuid Fiachra Eilgeach, Colm Ó Gaora, agus Phiarais Bhéaslaí (gan dáta, 3 mhír.

**P259/1078** 9 Deireadh Fómhair 1952

21l

***Amhráin ó Gach Aird***

Clóscríbhinn de script chaint raidió.

**P259/1079** Feabhra–Iúil 1953

18 mír

***Istigh ar Árainn Mhór – Róise na nAmhrán***

Féach P259/  
124, 861, 1048

Comhad cáipéisí bainteacha le tionscnamh taifeadaidh agus craolacháin ar Árainn Mhór, agus cláir chraolta i 1953. Tá comhfhreagras ann idir roinnt daoine ón Choimisiún Béaloideasa Éireann (m.sh. Seán Ó Súilleabháin); ó Raidió Éireann (m.sh. Stiúirthóir Maurice Gorham, Artur Duff, Proinsias Ó Conluain); bailitheoir béaloideasa Seán Ó hEochaidh, Gort a’Choirce; agus daoine a thugann léirmheas faoi na cláir ar craoladh i Meitheamh agus Iúil. D’eascraigh an tionscnamh ó shaothar a rinne an Coimisiún Béaloideasa; agus Seán Ó Súilleabháin ag moladh chuig RTÉ, ábhar labhartha a thaifeadadh a mbeadh comhlántach ag teacht leis an ábhar taifeadta ag an gCoimisiún. Mar pháirt den tionscnamh, rinneadh taifid den amhránaíocht Róise Uí Ghrianna (40 amhrán), de sheanchas an oileán, maraon le taifid eile nach bhfuil ach trácht gairid déanta orthu sa chomhfhreagras. Tá trácht ar thionscnaimh eile ag RTÉ, agus ceann ag Seán Ó hEochaidh, ar baineadh úsáid astu le

P259/1079

haghaidh cláir eile. (*Páirt i mBéarla*)

Iniata:

- Litir ó Aodh Ó Domhnaill, Árann Mhór, mí-shásta leis an dóigh inar craoladh seanchas dena chuid; freagra ó [Phroinsias Ó Conluain] ag cosaint an rogha déanta ag Raidió Éireann (11, 15 Meitheamh, 2 mhír).
- Litir ó Phroinsias Ó Conluain chuig Seán Ó hEochaidh, ag trácht ar chlár a rinneadh faoi na Cruacha, agus go raibh muintir na gCruach mí-shasta gur tugadh ‘bocht’ agus ‘gan mórán léinn’ orthu (6 Iúil, 1l).
- Litir ó Sheirse Ua Eachtighearn, Litir Ceanainn, chuig Ó Conluain, ag moladh clár faoi Róise; cúpla pointe príobháideacha (12 Iúil, 2l).

P259/1080

18 Meitheamh 1953

2 mhír

### **Cnoc Mhuire**

Litir lámhscríofa agus meabhrán ón [BhrAthair] Benedict OCD, Mainistir Mhuire, Baile Átha Cliath, chuig [Radió Éireann], ag tairiscint tuairisce faoi Chnoc Mhuire – faoin stair, agus faoi chásanna miorúlteacha ag baint leis an áit. Ní fios ar craoladh cuid de.

P259/1081

18–20 Samhain 1953

4 mhír

### **Amhráin ó Albain**

Comhad cáipéisí bainteacha le clár ar craoladh sa Samhain 1953. Tá comhfhreagras idir an Conluanach agus Máirí Nic a’Phearsain, BBC, Glaschú, agus téacsanna d’amhráin ar solathraíodh do RTÉ.

Iniata:

- Tá ioróin sa mhéid a scríobhann Ó Conluain chuici mar gheall ar Raidió Éireann: ‘b’fhéidir gur cheart dúinn Radio Alban a thabhairt ar an stáisiún seo feasta! (Chonaic sibh, ar ndóigh, an rud a dúirt Máirtín Ó Cadhain fá R.É. mar cheann de na ‘regions’ ag an BBC!)’ (18 Samhain).

P259/1082

8–10 Nollaig 1953

5 mhír

### **Carúil ón Chlaisceadal**

Féach  
P259/845,  
857, 869

Comhad de cháipéisí bainteacha le clár ar craoladh an 25 Nollaig. Tá comhfhreagras idir Proinsias Ó Conluain agus Eoghan Ó Tuairisc, Baile Átha Cliath, faoin chéad dán dá chuid a craoladh ar an raidió, ná ‘Dá mBeadh melodeon Agamsa’; agus tá téacsanna dán agus amhráin na Nollaig ann. Fuarthas cead ó Mháire Mac an

- P259/1082** tSaoi amhlaidh a dhéanamh ar a dhán ‘Oíche Nollaig’.  
Iniata:
- Téacsanna de ‘Oíche Nollaig’, ‘Teacht na Saoithe’, agus dán eile, agus an t-ainm ‘Seán Óg Ó Tuama’ scríofa orthu.

- P259/1083** Bealtaine–Meán Fómhair 1950, Iúil–Lúnasa 1954

77 mír

**Coláistí Gaeilge Inné agus Inniu/ Coláiste na Mumhan**

Féach P259/  
885

Comhad cáipéisí bainteach le dhá chlár faoi choláistí Gaeilge, ceann amháin faoi choláistí Éireannacha uilig, ceann eile faoi Choláiste na Mumhan, Baile an Ghaorthaidh. Baineann an chuid is mó den ábhar leis an chéad chlár. Tá comhfhreagras idir Roibeárd Ó Faracháin, Proinsias Ó Conluain, agus oifigigh eile ag Radio Éireann, agus idir an Conluanach agus méid mór stiúrthóirí agus rúnaithe páirteacha sna coláistí, nó saineolaithe ó thaobh an staire de; tá meabhráin scríofa ag cuid acu, agus meabhráin leis an Chonluanach féin; tá bileoga eolais ó choláistí áirithe; tá dréachtanna gairide na gcainteanna; agus tá gearrtháin nuachtán. Tháinig an chéad smaoinemh ar an tionscnamh seo ó Phádraig Ó Ruanaí, Scoil na gCeárd, Loch an Iúir, Contae Dhún na nGall. Iarradh eolas ón lucht riaracháin maraon le saineolaithe, agus ón Roinn Oideachais. Bhí plean ann trí chlár a dhéanamh i 1950 ach ní fios cé mhéad ar rinneadh (seachas ‘Coláistí Gaeilge Inné agus Inniu’). I 1950, soláthraíodh go leor eolais faoi na cúrsaí reatha ag an am, m.sh. ón Fhear Mór, Rinn ó gCuanach, Contae Phort Láirge.  
Iniata:

- Tá meabhráin faoi stair coláistí áirithe m.sh. faoi Choláiste Oméith (Peadar Ó Dubhda, 5 Iúil 1950, 6ll); Coláiste Thuar Mhic Éidí (Pádraig Ó Domhnalláin, Lúnasa 1950, 2 mhír); an coláiste i dTeilinn (Seán Ó hEochaidh, gan dáta, 3ll); Coláiste Uladh, Gort an Choirce (Sighle Ní Dhubhgáin, 28 Mheitheamh 1950, 2ll), agus faoi ghluaiseacht na Gaeilge agus na gcoláistí (Brian Mac Giolla Phádraig, 7 Lúnasa, 2 mhír);
- Gearrthán nuachtán (ní fios cén pháipéar) faoin Iubhaile Choláiste na Mumhan ag Bryan MacMahon, ‘Laughter in the Classroom’ (2 Lúnasa 1954, 1l).

- P259/1084** Feabhra 1951–Bealtaine 1954

39 mír

**Scéal na Scannán/ Ár Scannán Féin**

Comhad cáipéisí bainteacha le dhá leabhar foilsithe ag Proinsias Ó Conluain i 1952, *Scéal na Scannán*, agus *Ár Scannán Féin* (leabhrán). Bhuaigh *Scéal na Scannán* an chéad duais san Oireachtas 1952. Tá idir fhógraí foilseacháin, chomhfhreagras, léirmheasanna leabhar, mheamraim (dréachtanna?), agus ghearrtháin nuachtán ann.

P259/1084

Iniata:

- Léirmheas de chuid Donnchadh Ó Laoire faoi alt le Proinsias Ó Conluain, 'Tionscal Scannán in Éirinn', ar foilsíodh roimh *Ár Scannán Féin* (25 Eanáir 1952, 2ll);
- Litreacha ón Chonluanach chuig eagarthóirí *The Bell* agus *Indiu*, míshásta le píosaí léirmheastóireachta faoina leabhar, *Scéal na Scannán* (15 Márta 1954, 2 mhír);
- Meabhrán nó script chaint raidió 'Taighde, Beathaisnéis, Agallamh', faoin tsli ina ndearna sé taighde le haghaidh a chuid chainteanna raidió, *Scéal na Scannán* san iamh (gan dáta, 3ll);
- Cóipeanna de ghrianghraif i gcló, a bhí foilsithe i *Scéal na Scannán* (1954, 16ll).

P259/1085

Bealtaine 1953–Meán Fómhair 1954

13 mír

### **Pictiúrlann James Joyce**

Féach P259/  
812

Comhad cáipéisí bainteach le clár raidió craolta i 1950, le halt ar foilsíodh in *Inniu* sa bhliain chéanna, leis an leabhar, *Scéal na Scannán* (1953) le Proinsias Ó Conluain, agus le cúpla ailt lena chuid ar foilsíodh san *Irish Press*, *Irish Times*, agus is dócha san *The Irish Architect and Contractor* (1954). Tá comhfhreagras idir Ó Conluain; grianghrafadóir Tadhg de Ruadhal, Baile Átha Cliath; Benedict Kiely, Literary Editor, *The Irish Press*; Cyril Cusack, aisteoir, Baile Átha Cliath; Jack White, Features Editor, *The Irish Times*, Aodhagán Ó Brioscú, *The Irish Architect and Contractor*; tá dhá alt ann faoin 'Volta' (i mBéarla). Sa chomhfhreagras, iarrann Ó Conluain cóipcheart ar ghrianghraif, tagraíonn sé ailt faoin 'Volta' agus fógraíonn sé foilsíúchán a leabhar, *Scéal na Scannán*.

- Prionta de [ghreanadh adhmaid] déanta ag 'A.Brioscú' den 'Volta'. Níl trácht ar an phrionta sin sa chomhfhreagras (gan dáta, 1l);
- Alt 'Portrait of the Artist as Ireland's First Cinema Manager' (17 Meán Fómhair 1954, 6ll).

P259/1086

Feabhra 1954–Eanáir 1955

21 mír

### **Ceantair i dTír Chonaill: An Charraig, Teileann, Cill Chartha, Gleann Choluim Cille**

Comhad cáipéisí bainteacha le cláir faoi cheantair éagsúla Thír Chonaill, ar craoladh i Bealtaine agus Meitheamh 1954, agus bainteach le clár faoi mhuintir Thír Chonaill thar lear, ar craoladh i Feabhra 1955. Tá comhfhreagras idir Proinsias Ó Conluain, Radio Éireann; Liam Ó Cuinneagáin, Gleann Cholm Cille; Seán Ó hEochaidh, Gort an Choirce; meabhráin éagsúla ón Chonluanach agus ó dhaoine áitiúla, m.sh. Conall Ó Dónaill, Aodh Ó hEigheartaigh, Liam Ó Cuinneagáin. (Tá an chuid is mó acu gan ainm an údair.) Cuireann na meabhráin síos faoi shaol sa

P259/1086

Ghaeltacht, nó tá scéalta agus amhráin i gceist acu.

Iniata:

- Liosta cruinn ag Ó Conluain, leis na daoine rannpháirteacha sna ceantair áirithe (1954, 1l);
- Comhfhreagras idir an Conluanach agus Liam Ó Cuinneagáin ach go háirithe, ag ullmhú cláir faoina cheantar féin, agus ag soláthar scéal 'Is Cúng an Saol É' le haghaidh cláir 1955 (Feabhra 1954–Eanáir 1955, 4 mhír).
- Litir ó Sheán Ó hEochaigh chuig Ó Conluain, ag eagrú teacht le chéile le Heinrich Wagner, le haghaidh cláir faoi Theilinn (15 Márta 1954, 2ll).
- Meabhrán le [hAodh Ó hEigheartaigh] 'Cúrsaí Drámaíochta i gCill Chartha' (gan dáta, 3ll);
- Meabhrán le [Liam Ó Cuinneagáin] 'Ár gCultúir Ghaedhealach a Cailleadh' (gan dáta, 2ll). BÁC
- Scéalta lámhscríofa ag Pádraig Mac Seáin as Teileann, ceann faoin amhrán 'Eoghainín Ó Ragadáin', ceann faoin iascaire Pádraig Ó Liodáin (gan dáta, 2 mhír);
- Meabhrán (gan ainm) as áit, ag caint faoi Árainn Mhór agus a muintir (gan dáta, 3ll).

P259/1087

Mí Márta–Bealtaine 1955

51 mír

### **Guth na Gaeltachta/ Gaeltacht Thír Chonaill**

Comhad cáipéisí bainteacha le 'sraith fhada chlár fán Ghaeltacht', agus clár faoi Ghaeltacht Thír Chonaill ar eascraigh as an chéad. Agallaimh faoi chúrsaí eacnamaíochta, faoi leictriú na tuaithe, faoin oideachas agus an teanga, ceol le daoine áitiúla, a bhí sna cláir seo. Tá comhfhreagras idir Proinsias Ó Conluain agus eile ag Raidió Éireann; bailitheoir béaloideas Seán Ó hEochaidh, Gort an Choirce; Éamonn Ó Canainn, Dún Fionnachaidh; Conall Ó Domhnaill, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, An Clochán Liath; Liam Ó Cuinneagáin, Gleann Cholm Cille; Seán Mac Eiteagáin, Doire Beaga; an tÁthar Fiachra, Caiseal Mór agus daoine áirithe eile eolasacha faoi Ghaeltacht Ros Goill; Séamas Ó Raghallaigh, Leithbhearr (Comhar-Chumann Iascaireachta); tá meabhráin ón Chonluanach agus ó dhaoine páirteacha sna cláir (m.sh. Aodh Dunlop, Míicé Sheáin Néill, Anna Nic Giolla Bhríde OS, Éanna Mac a' Bhaird, Seán Ó Gallchobhair); tá bileog eolais; agus tá cláir agus dréachtanna cainte.

Bhí Ó Conluain freagrach as an Aonad Taifeadadh Taistil a thabhairt go Tír Chonaill, agus rinne Seán Mac Réamoinn agus Pádraic Ó Raghallaigh amhlaidh i gCúige Mumhan agus i gCúige Chonnacht roimhe: níl ach corr-cháipéis anseo atá bainteach leis na Cúigí eile. Ní mhaireann scripteanna an dhá chlár taobh amuigh den chomhad seo.

Iniata:

- Léacht le Seán Ó hEochaidh, 'An mairfidh an Ghaedhilg sa Ghaeltacht?' San fhocal scoir: 'Is creathnuightheach uathbhásach cráidhte liomsa mar scéal é, go dtiocfadh an tuar fá



P259/1087

mo thárngaireacht – go bhfuigheadh an Ghaedhilg bás... Tá dóchas láidir agam nach dtarlúigheann. Tá leigheas an scéil ar lámha lucht rialaithe na tíre...'. (gan dáta, 5ll)

- Meabhrán le Seán 'ac Phaidin OS, ag moladh don rialtas scéimeanna gairmscolaíochta a chuir chun cinn don aos óg (gan dáta, 4ll).
- Meabhráin le Breandán Mac a'Bháird, Dinny Ó Baoill, Seán Ó hEochaidh, faoi chúrsaí iascaireachta (gan dáta, 3 mhír).
- Meabhráin le Liam Ó Connacháin agus Seán Ó hEochaidh faoin seanchaí Niall Mac Giolla Bhríde, Más an Easa (gan dáta, 2 mhír).
- Meabhrán le [Proinsias Ó Conluain] faoi cheol Thír Chonaill ar baineadh usáid as sna cláir; tá nótaí fada faoi amhráin éagsúla (gan dáta, 12ll).

P259/1088

Deireadh Fómhair 1954–Meitheamh 1955

56 mír

### Fear ar Roth

Féach P259/  
904

Comhad caipeisí bainteacha le clár ar craoladh don chéad uair i 1955 (agus arís i 1956). Clár faisnéise faoi na timirí agus na múinteoirí taistil de chuid Chonradh na Gaeilge a bhí ann; tá meabhráin agus cláir ghairide inmheánacha do RTÉ; tá comhfhreagras; tá meabhráin de chuid iar-thimirí agus iar-mhúinteoirí taistil; tá ábhar eile faisnéise. Ar an chomhfhreagras, tá litreacha ó na hiar-thimirí Fionán Mac Coluim, Cill Orglán; Peadar Ó hAnnracháin, Baile Átha Cliath; Tomás Bán Ó Concheannain, Gaillimh; Cormac Ó Cadhlaigh, Cill Orglán; an Fear Mór, An Rinn. Ar na meabhráin, tá cinn ó Chormac Ó Cadhlaigh, Fionán Mac Coluim; Tomás Bán Ó Concheannainn.

Iniata:

- Meabhrán ó Phroinsias Ó Conluain chuig [bainisteoirí RTÉ] ag moladh go ndéanfar clár faoi na sean-timirí Gaeilge (2 Samhain 1954, 1l);
- Litir agus cuimhní cinn le Cormac Ó Cadhlaigh, faoin am a raibh sé ina mhúinteoir taistil (28 Eanáir 1955, 2 mhír).
- Liostaí fairsinge ó Fhionán Mac Coluim le hainmneacha timirí agus múinteoirí taistil (Aibreán 1955, 3 mhír).
- Cóipeanna litreach agus meabhrán de chuid Chonradh na Gaeilge ón 1907, agus litir ó Sheán Ua hAllmhúráin [Conradh na Gaeilge] ina measc, ag scríobh chuig Fionán Mac Coluim faoina mhúinteoireacht taistil i mBaile an Phuill (1907, 1l). [B'fhéidir gur sholAthair Mac Coluim iadsan.]

**P259/1089** Samhain 1955–Bealtaine 1956

35 mír

**Cúrsa Scríbhneoireachta i Ros Goill**

Comhad cáipéisí bainteacha le cúrsa scríbhneoireachta eagraithe ag an Choláiste Samhraidh Ros Goill, Na Dúine, Tír Chonaill, a raibh Ó Conluain mar mhúinteoir ann. Tá comhfhreagras idir P [?] Mac Giolla Earnáin, Coláiste Ros Goill; Proinsias Ó Conluain agus Ceannasaí Clár Róibeárd Ó Faracháin, Radio Éireann; tá meabhráin le Ó Conluain agus é ag ullmhú an chúrsa nua; tá bileoga eolais faoin Choláiste agus imeachtaí eile eagraithe ann. Deonadh seachtain saor speisialta don gConluanach, le bheith i Ros Goill i Iúil 1956. Soláthraíonn Ó Conluain barúla agus clár leabhar don gcúrsa. Seachas eisean, bhí Séamas Ó Néill mar mhúinteoir ann, agus tháinig Niall Ó Dónaill, Tomás Ó Fiaich, agus Tomás Mac Anna le léachtaí a thabhairt.

Iniata:

- Trí mheabhrán faoina thaithí pearsanta ag script-scríbhneoireacht don raidió, faoi theidil mar ‘Taighde’, ‘Beatha Dhuine Mo Thoil’, ‘Úsáid an Uher’ (gan dáta, 3 mhír);
- Meabhrán clóscríofa ag [Ó Conluain] ag plé cúrsaí teilifíse, agus ag rá go mbeadh dóchas aige féin as an teicneolaíocht nua (gan dáta, 3ll).

**P259/1090** Mí Márta 1956–Aibreán 1957

20 mír

**Scoil Éanna – Pádraig Mac Piarais – Tomás Mac Donnchadha**

Féach  
P259/157,  
908, 913,  
1111

Comhad cáipéisí bainteacha le dhá chlár raidió craolta i 1956 agus 1957, faoi Scoil Éanna, a bunaitheoir agus a chéad leas-phríomhoide. Tá comhfhreagras idir Ó Conluain, Deasún Ó Riain; Brian Seoigheach; Seán Ó Dúnlaing (Baile Átha Cliath uilig); an tOllamh Micheál Ó hAodha, Tír an Iubhair; tá meabhráin le Ó Conluain agus a chomhfhreagraithe, faoi Scoil Éanna, an Píarsach, agus Mac Donnchadha.

Iniata:

- Meabhráin le Brian Seoigheach faoi chúrsaí drámaíochta agus cluichí i Scoil Éanna, agus faoi Mhac Donnchadha (14 Márta 1956 agus 3 Aibreán 1957, 5ll).
- Dréacht chainte raidió ‘Pearse – The Man’, ina bhfuil Doimnic Ó Riordáin ag caint faoin Phiarsach (i mBéarla) (gan dáta, 19ll).

**P259/1091** Iúil 1957–Mí Márta 1958

18 mír

**Cumann Díospóireachta Cois Fharráige**

Comhad cáipéisí bainteacha le sraith cláir pleanáilte ag an Chumann Díospóireachta Cois Fharráige, agus Radio Éireann. Tá comhfhreagras idir Seán Ó Congaile, Rúnaí, Cumann Díospóireachta Chois Fhairrge; Pádraic Ó Raghailigh, Proinsias Ó Conluain agus eile ag Radio Éireann. Tairgíonn an Cumann Díospóireachta, sraith cainteanna a ullmhú chun bheith taifeadta don raidió. Rinneadh comhréiteach idir díospóireachtaí barúlacha an Chumainn, agus cláir bainte ó sheanchas agus ceol na háite a bhfuil suim ag an Radio iontu. [Níl sé soiléir ar cuireadh i bhfeidhm na cláir sin.]

Iniata:

- Litir ó Sheán Ó Conghaile chuig Pádraic Ó Raghailigh, ag cuir síos an seacht dteideal díospóireachta atá ar intinn acu (18 Márta 1958, 2ll). Idir seo, tá ‘Ar bé leas nó aimleasa na Gaeltachta – ‘Scéim na Muc?’ agus ‘Ar ceart cáin a fháisgidh ar bhaitiléaraí...?’.

**P259/1092** [1956–8]

2 mhír

**Oícheanta Sheanchais, Halla Damer**

Bileoga de chuid An Tóstail a d’eagraigh ‘Oícheanta Sheanchais’ i Halla Damer i mBaile Átha Cliath, 13–18 Bealtaine [?]. Tá aguisíní lámhscríofa ag [Proinsias Ó Conluain], agus liosta gairid amhrán ar cheol amhránaithe as Gaoth Dobhair agus as Carna.

**P259/1093** 18–21 Aibreán 1958

3 mhír

**Aon Chas Chuirte an Phiarsaigh**

Comhad cáipéisí bainteacha leis an chlár raidió sin, ullmhaithe agus léirithe ag Proinsias Ó Conluain. Tá litir ó Sheán Ó Connacháin, Litir Ceanainn; nóta idir Ó Conluain agus oifigigh eile ag Radio Éireann; tá gearrthán ón *Derry Journal* ina bhfuil léirmheas le ‘Fear Feasa’, ag moladh an chláir, agus ag cuir síos air.

**P259/1094** [1958]

9 mír

**Ór agus Airgead: leagan raidió Rotha Mór an tSaoil le Micí Mac Gabhainn**

Clóscríbhinní de scrípteanna chaint raidió; atheagair den scéal Mhic

**P259/1094** Ghabhainn mar shraith raidió. Tá teidil áirithe ag na caipidlí, eadhon 1.' Mianadóireacht i Montana', 2.'Ór Bradach Montana', 4.'Suas an Yukon ó St.Michael', 5.'Coisíocht sa Chrios Arctach', 6.'Sioc-Dhó agus Leigheas na nIndiach', 7.'Dawson City- agus an tSibhialtacht!', 8.'Ór Klondike ina Mhúrthaí', (gan uimhir) 'Lá 'le Pádraig i Klondyke'.

**P259/1095** Aibreán–Bealtaine 1959

15 mír

**Idir an Chanáil agus an Bóthar Iarainn**

Féach P259/941 Comhad cáipéisí bainteacha le clár faoi Pháirc an Chrócaigh ar craoladh i 1959. Tá comhfhreagras idir Proinsias Ó Conluain, Radio Éireann; Séamus Ó Braonáin, agus Pádraig Ó Míochagáin, Baile Átha Cliath; tá meabhráin ag Ó Conluain, ag an bheirt chomhfhreagraithe, agus ag Pádraig Ó Caoimh, Seán Shouldice (daoine eile a raibh cuimhne pearsanta acu); gearrthán nuachtán.

Iniata:

- Léacht le J.Hurley, 'The most Reverend Dr.Croke (1823–1902), Archbishop of Cashel' (1956, 19ll).
- Sleachta as [leabhar], leis na teidil 'Páirc an Crocaigh' (sic) agus 'The New Hogan Stand' (gan dáta, 3ll).

**P259/1096** Samhain 1950–Nollaig 1959

5 mhír

**Comhfhreagras ginearálta na 1950í**

Comhad litreacha ó dhaoine éagsúla chuig Proinsias Ó Conluain, faoi dul i gcomhar ar chláir raidió, nó ag plé rudaí pearsanta. Tá comhfhreagras le Conradh na Gaeilge, Béal Feirste faoi chláir taifeadta ansin (1950); tá litir ó Mhichael [Murphy], An Pointe, faoi chláir bainteach lena obair sa bhéaloideas (1951); tá litir ó Sheán Neill, Rann na Feirste, le buíochas (gan dáta). (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

**P259/1097** Eanáir 1959–Meitheamh 1962

17 mír

**Rotha Mór an tSaoil le Micí Mac Gabhainn**

Féach P259/1094 Comhad cáipéisí bainteacha leis an dírbheathaisnéis (scríofa ag Seán Ó hEochaidh agus eagraithe ag Proinsias Ó Conluain). Tá comhfhreagras idir Ó Conluain, Baile Átha Cliath; Seán Ó hEochaidh, Gort an Choirce; Pádraig Ó Drisceoil, Bainisteoir *Mayo News*, Ulster Television; tá profaí den leabhar. Pléitear cúrsaí eagarthóireachta; iarrann Teilifís Ulaidh caint le Ó hEochaidh. Sna litreacha deireanacha idir Ó Conluain agus Ó hEochaidh, pléitear léirmheasanna an leabhair agus freagraí a fuair siad faoin leabhar;

P259/1097

tá trácht ar shaothar nua Uí hEochaidh *Sean-Chaint na gCruach*; go leor rudaí pearsanta nach bhfuil ach corrrácht ar *Rotha Mór* eatarthu.

Iniata:

- Profaí na ngrianghraf (gan dáta, 8ll).
- Litreacha idir Ó Conluain agus Ó hEochaidh, ag trácht ar drochthuairimí ag Séamus Ó Grianna faoin leabhar agus faoi Ghaeilge Chloich Cheann Fhaola: (Ó hEochaidh) ‘Tá ‘Máire’ ag gabháil thart fríd an chathair ag rá le daoine atá ag iarraidh a thuairme ..., agus a rá nach rabh Gaeilge ariamh i gCloich Cheanfhaola! Bhí sí uilig fá Cheann Dubhrann agus aige-san! Éad! Éad! Éad!’ (16, 30 Márta 1960, 2 mhír).

P259/1098

Nollaig 1959–Meitheamh 1960

29 mír

### **An Maireann Gaeilge ar Bith ar Reachrainn?**

Féach P259/  
951, 959,  
1132

Comhad cáipéisí bainteacha le trí chlár raidió faoi Oileán Reachrainn, agus stádas na Gaeilge ansin. Tá comhfhreagras idir Ó Conluain agus Ceannasaí Clár Roibeárd Ó Faracháin, Radio Éireann; Pádraig Mac Con Midhe, Ard Mhic Nasca; Michael J. Murphy, An Pointe [Coimisiún Béaloideas Éireann]; an tOllamh Nils M. Holmer, Lund (An tSualainn); N.A. ‘Tony’ McCuaig, Oileán Reachrainn; Micheál Mac Uiginn, Béal Féirste. Faigheann Ó Conluain eolas faoin oileán ó Mhac Con Midhe agus Murphy; bailíonn sé eolas ón Ollamh Holmer agus eagraíodh go ndéanfadh Holmer taifead dó i nGaeilge agus i mBéarla; tá meabhráin ag Ó Conluain faoin oileán; dréachtanna ar phíosá de na cainteanna. (*Tá roinnt bheag acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Dhá mheabhrán le Nils M. Holmer, faoi ghnéithe éagsúla ag baint lena thuras deireannach go dtí an oileán i 1938, agus eolas ar leith óna chuid taighde (1960, 2 mhír).
- Litir ón Chonluanach chuig Holmer, ag cuir síos caidé mar a fuair sé an t-oileán, m.sh. ag rá go raibh ‘a bheagán nó a mhorán Gaeilge’ ag seisear daoine ach nach raibh sé ar a thoil ag éinne, agus tuairimí faoin saol ansin (11 Bealtaine 1960, 2ll).
- Amhrán lámhscríofa ‘Rachray’ [féach litir an 11 Bealtaine – is dócha gur Mick Anderson foinse an amhráin] (gan dáta, 2ll).

P259/1099

Meán Fómhair 1952–Samhain 1960, 1962

87 mír

### **‘Fear agus Foclóir’/ An Duinníneach Ildánach/ An Duinníneach le Proinsias Ó Conluain**

Féach P259/  
23, 851, 957

Comhad cáipéisí bainteacha le Pádraig Uí Dhuinnín, údar an fhoclóra. Bhí Ó Conluain bainteach le cúig ghníomh faoin Duinníneach: clár raidió ‘Fear agus Foclóir’ agus symposium (1952); leabhrán ‘An Duinníneach Ildánach’ a bhuaigh duais san

P259/1099

Oireachtas (1956); leabhar foilsithe ag Sáirséal agus Dill (1958); clár raidió cuimhneacháin (1960). Tá meabhráin agus nótaí a d'eascraigh as taighde déanta ag an Chonluanach; tá comhfhreagras le daoine a raibh aithne ar an Duinníneach acu, agus meabhráin nó nótaí de chuid acu (m.sh. ó Fhiachra Eilgeach, Sheosamh Ó Muirthíle, Nuala Ní Mhóráin, Pádraig Ó Conchubhair, Piaras Béaslaí, Andreas Ó Muimhneacháin, Domhnall Ó Súilleabháin); tá cáipéisí ó Oireachtas na Gaeilge; comhfhreagras idir Ó Conluain agus Seán Ó hÉigearthaigh ag Sáirséal agus Dill, Baile Átha Cliath; gearrtháin nuachtáin agus léirmheasanna faoin leabhar; comhfhreagras faoin chlár cuimhneacháin le Donnchadh Ó Floinn, Seosamh Ó Muirthíle, agus Muiris Ó Droighneáin.

Iniata:

- Gearrtháin (ní fios cén pháipéar) de léirmheas raidió, faoi chlár le Piaras Béaslaí faoi Phádraig Ó Duinnín (gan trácht ar Ó Conluain, Iúil 1958, 1l);
- Ar na meabhráin, tá caint le Donnchadh Ó Floinn 'Fear agus Foclóir', faoi bheith ag cuidiú leis an Duinníneach san obair foclóireachta (gan dáta, 5l).
- Litr ó Piaras Béaslaí ag rá go bhfuil roinnt mhaith cuimhní aige faoin Duinníneach agus fós 'd'fhéadfainn sgéalta dh'innsint air ná beadh oiriúnach don radio' (2 Meán Fómhair 1952, 2l).
- Litr ón Chonluanach chuig Domhnall Ó Súilleabháin, Coláiste na Tríonóide, ag achainí faoin tuairim go raibh achrann idir Ó Duinnín agus lucht an Léinn Cheiltigh ag Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (3 Márta 1955, 1l).
- Dhá léirmheas gan fios cé a chum iad, nó ar foilsíodh iad; ceann amhán dearfach, ceann eile diúltach: 'Blas searbh a fhágann an cúntas go leir ag an léitheoir' (gan dáta, 2 mhír).
- Litr ó Sheán Ó Ceallaigh 'Sceilg', Inis, chuig Ó Conluain, ag iarraidh eolais faoi an Athair Eoghan Ó Gramhnaigh a bhí comhaimsireach le Ó Duinnín (16 Meán Fómhair 1962, 2l).

P259/1100

[1953]

6 mír

Féach  
P259/961

### **Micheál Mac Liammóir as Éirinn**

Comhad nótaí agus meabhráin lámhscríofa bainteacha le clár ar craoladh i Meitheamh 1961. Tá nótaí ó léachtaí agus agallaimh le Mac Liammóir, mar shampla 'P.P.O'reilly interviews [Micheál Mac Liammóir] in Denmark 11/6/52'; liostaí de thaifid ghuth Mhic Liammóir atá le fáil le haghaidh an chlár.

**P259/1101** 7–11 Samhain 1960

4 mhír

**Slán le Inis Oirc/ Operation Mainland**

Féach  
P259/955,  
1012, P260

Comhad comhfhreagrais idir Proinsias Ó Conluain agus Roibeárd Ó Faracháin, Radio Éireann; Pádraig Ó Siochfhradha, An Currach; Seán Ó Coinne, Dún Geanainn. Moltar clár faoi Inis Oirc, agus deireann Ó Conluain lena chomhoibrí gur gá an clár a athchraolú am éigin.

**P259/1102** Mí Márta 1959–Eanáir 1962

36 mír

**Ceol na bhFilí**

Féach  
P259/969

Comhad cáipéisí bainteacha le sraith cláir ar craoladh i 1962. Thairg Ó Céileachair naoi scrípteanna do Radio Éireann i 1959, agus tar éis a bháis, ghlac Proinsias Ó Conluain leo, ag ullmhú sraithe cainteanna. Tá meabhráin ann de chuid Uí Chonluain faoi na filí éagsúla, agus tá comhfhreagras idir é agus oifigigh eile ag Radio Éireann; comhfhreagras leis an údar Donncha Ó Céileachair; le hamhránaithe Tomás Ó Súilleabháin, Darach Ó Catháin, Conn Ó Sé, le ceoltóir Gráinne Ní Éigeartaigh, agus [léiritheoir] Liam Ághas, le haghaidh seisiúin taifeadaidh don gclár.

**P259/1103** Bealtaine 1962–Eanáir 1963

14 mír

**An Chairdinéal D’Altún**

Féach  
P259/ 977

Comhad cáipéisí bainteacha le clár ar craoladh i Feabhra 1963, tar éis báis an Chairdinéil (1 Feabhra). Tá nóta gairid comhfhreagrais idir Ó Conluain, Radio Éireann; Tomás Ó Fiaich, Maigh Nuad; Seán Ó Coinne, Dún Geanainn; George Maguidhir, Clár Chlainne Mhuiris (i mBéarla). Bailíonn Ó Conluain eolas ó dhaoine atá aithne acu ar an Chairdinéal roimh a bhás, ag miniú go ndéantar é le haghaidh cláir faoina bhás, agus é aosta. (*Tá an clár féin i mBéarla.*)

Iniata:

- Litir ó Thomás Ó Fiaich, atá mionolas faoin Chairdinéal ann, faoi theidil mar ‘A thréimhse i Mánuat’, ‘A óige i gClár Chlainne Mhuiris’, ‘Cainteoir tuata’, srl (27 Bealtaine, 4ll).

**P259/1104** 20–30 Bealtaine 1963

4 mhír

**Seán T.Ó Ceallaigh**

Comhad cáipéisí bainteacha leis an bheathaisnéis de chuid Uí Chonluain, *Seán t.: Scéal a Bheatha Á Insint*. Tá comhfhreagras idir

**P259/1104** Ó Conluain; na clódóirí ag Ó Gormáin Teoranta, Gaillimh; Muiris Ó Droighneáin, Béal Feirste; ag plé cúrsaí clódóireachta, agus ag plé cúrsaí eagsula le Muiris Ó Droighneáin a bhaineann le caighdeán na Gaeilge, ní amháin sa leabhar seo. Tá [caibidil leabhair] ‘Meeting Seán T.’ ann, freisin, nach bhfuil dáta air (i mBéarla).

**P259/1105** Samhain–Nollaig 1963

5 mhír

**Amhránaíocht Mhuintir Uí Baoill**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain agus Cathal Ó Baoill, Tír Eoghain; dréacht cainte raidió leis. Tagraíonn Ó Baoill script cainte (gan teideal) faoi amhránaíocht Chúige Uladh, agus Ó Conluain ag iarraidh spáis a fháil dó ar a chlár raidió féin. Stadann an comhfhreagras roimh shocrú.

**P259/1106** Eanáir–Meitheamh 1964

26 mír

**Comhdháil Cheilteach ar Oileán Mánann/ ‘Next-door Neighbour’**

Comhad cáipéisí bainteacha leis an Chomhdháil Cheilteach ar tionóladh ar Mhánainn, agus an clár raidió craolta i Bealtaine. Tá comhfhreagras idir Ó Conluain; oifigigh an Isle of Man Tourist Board agus an BBC (head of North Regional Programmes); tá bileoga agus meabhráin ann faoin Chomhdháil 1964, faoin oileán agus a stair; tá gearrtháin nuachtáin ag tuairisciú faoi na himeachtaí; agus tá comhfhreagras tar éis na gclár. Sa chomhfhreagras, rinneadh ullmhúcháin le haghaidh clár raidió a dhéanamh i rith an chomhdhála, ceann i mBéarla agus ceann i nGaeilge, agus moltar an clár Béarla ‘Next-door neighbour’. (*Roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Cóip den *Celtic News- Bulletin of the Celtic League* (Earrach 1964 uimh.6, 12ll);
- Meabhrán (nó dréacht scripte) ‘Neighbouring Island’ (gan dáta, 2ll);
- Cóip de Chaipidil 25, ‘Commission on the Restoration of the Irish Language, ‘Radio and Television’ (gan dáta, 13ll).

**P259/1107** Feabhra–Nollaig 1964

16 mhír

**Na Dinnseanchaithe Nua**

Féach P259/  
986

Comhad cáipéisí bainteacha le clár craolta i 1964. Tá comhfhreagras idir Ó Conluain; Seán (‘Mainchín’) Seoighe, Luimneach; Liam Ó Catháin, Tiobráid Árann; Séamus Ó Maolchathaigh, Gráinseach; tá meabhrán de chuid an Seoigigh faoina leabhar, *An Gleann agus a Raibh Ann*. Rinneadh socrúithe le



**P259/1107** haghaigh turais taifeadóireachta chun an clár a ullmhú.

**P259/1108** Aibreán–Bealtaine 1964

15 mír

**Ó Conluain mar Mholtóir ag Comunn an Drama Ghàidhlig an Glaschu**

Comhad cáipéisí bainteacha le comórtas an Chomuinn an Drama Ghàidhlig a raibh Ó Conluain mar mholtóir ann i 1964. Tá comhfhreagras idir Ó Conluain; Domhnall Grannd, Rúnaí Oinigh, agus Calum Mac Ille Mhoire, Comunn an Drama Ghàidhlig, Glaschú; tá clár imeachtaí; liosta leis na pointí deonta ag Ó Conluain do na hiarrthóirí; gearrthán nuachtáin; agus meabhráin (gan eolas cé a chum). (*Roinnt acu i nGaeilge na hAlban, roinnt eile i mBéarla.*)

Iniata:

- Cóip lámhscríofa de Finlay MacLeod *Ceann Cropic*, ná dráma a bhí scrúdaithe ag an ócáid (1949–50 nó gan dáta; 12ll);
- Cóip den aitheasc a thug Ó Conluain ag an fhéile (aistriúchán go Béarla) (6–8 Bealtaine, 2ll);
- Dhá mheabhráin (gan teidil, scríofa ag Albanaigh gan ainm) ag tabhairt cúntas ar an ‘Mod’ agus Gaeilge na hAlban sa todhchaí. Tá ‘Tomás de Bhaldraithe’ scríofa ar cheann amháin díobh (gan dáta, 2 mhír).

**P259/1109** 30 Mí Márta 1965

5 mhír

**Tarlach Mac Suibhne**

Féach  
P259/986 Comhad cáipéisí bainteacha le clár craolta i 1965. Tá litir ón Chonluanach chuig Pádraig Ó Maoldhomhaigh, Baile Átha Cliatha; meabhráin agus nótaí faoin ábhar.

Iniata:

- Meabhrán (gan údar) ‘Tarlach mac Suibhne’, a dhéanann tagairt don phríomhfhoinsé, *Irish Minstrels and Musicians* le Francis O’Neill, agus téacsanna eile a dhéanann trácht ar an Suibhneach (gan dáta, 6ll).

**P259/1110** Mí Márta–Aibreán 1965

10 mír

**Éalú as Priosún**

Féach  
P259/12, 27 Comhad cáipéisí bainteacha le clár craolta i 1965. Tá comhfhreagras idir Proinsias Ó Conluain; Simon Donnelly; Piaras Béaslaí; Séamus Ó Braonáin (Baile Átha Cliath uilig); tá meabhrán; agus gearrthán nuachtáin ann. Sa chomhfhreagras, iarrann Ó Conluain ar na comhfhreagraithe, páirt a ghlacadh sa chlár inar

P259/1110

scrúdaítear éaluithe príosún déanta ag fir comhpháirtithe san Éirí na Cásca.

Iniata:

- Litir ó Simon Donnelly, Baile Átha Cliath, chuig Ó Conluain, ag rá 'I regret I must refuse your kind offer, as I have the strongest objection to individuals boasting about what they did, I tried to do for Ireland' (13 Márta, 1l);
- Litir agus meabhrán ó Shéamus Ó Braonáin, Baile Átha Cliath, chuig Ó Conluain, ag mion-tuairisciú faoi mar a bhí sé i dteagmháil le Pádraig Mac Piarais ón lá a d'é
- alaigh sé ón phríosún, go dtí Domhnach na Cásca, 1916, imeachtaí na Cásca, agus cuimhí cinn eile (i mBéarla) (15 Aibreán, 2ll).

P259/1111

Iúil 1960–Mí Márta 1969

112 mír

### **Comhfhreagras ginearálta na 1960í**

Féach P259/  
157, 908, 913

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; comhlachtaí eagsula, eagraíochtaí Gaeilge; daoine príobháideacha. Pléitear cláir a ndeachthas i gcomhar le chéile orthu; moltar cláir chraolta (go háirithe ceann faoin 'Wild Goose Lodge', 1965); pléitear ailt agus leabhair foilsithe ag Ó Conluain; iarrtar ar Ó Conluain páirt a ghlacadh in imeachtaí Gaeilge, nó léacht a thabhairt faoi rudaí a raibh lámh aige iontu; rudaí pearsanta. Ar na comhlachtaí tá an BBC, *The Furrow*. Ar na heagraíochtaí Gaeilge tá Gael-Linn; Sáirséal & Dill (íoctar as dleachtanna); Club Leabhar Bhaile Átha Cliath; Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Ar na daoine príobháideacha tá Seán Ó hEochaidh, Tomás Ó Máille, Deasún Fennell. (*Tá roinnt mhór acu i mBéarla.*) Iniata:

- Litir ón Chonluanach chuig 'Bertie' le mioneolas faoi Pádraig Mac Piarais, Tomás Mac Donnchadha, agus drochmheas ar an Phiarsach ag Pádraig Ó Duinnín (1 Nollaig 1964, 1l);
- Comhfhreagras le Michael J. Murphy, An Pointe, ag plé cláir a ndearna siad i gcomhar le chéile; a chuid oibre féin (Lúnasa 1963–Feabhra 1967, 11 mír);
- Litreacha ó *The Furrow* agus ó Shiúr Vincent, London, ag moladh alt a scríobh Ó Conluain faoin nós ofrála sochraide ('funeral offerings') (Deireadh Fómhair–Samhain 1965, 3 mhír);
- Comhfhreagras le *The Readers' Digest*, foilsitheoirí an *Complete Atlas of the British Isles*, agus Ó Conluain ag gearán faoi roinnt phointí ó thaobh náisiúnachais dhe (Eanáir–Feabhra 1966, 3ll);
- Comhfhreagras le F.X. Martin, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, faoin chlár 'The Rising that Didn't Take Place' (Aibreán–Meitheamh 1966, 4 mhír);
- Litir ó Ó Conluain chuig Breandán Ó hEithir, Inis Mór, ag iarraidh achoimre ar *Bhuntús Cainte*, sraith a bhí ar tí a bheith craolta (15 Meán Fómhair 1966, 2 mhír);
- Dréacht chainte raidió lámhscríofa ag [Seán Pascal] ag caint faoi Chumann Gaeilge ag Pratastunaigh i mBéal Feirste (gan dáta, 2ll).

**P259/1112** Aibreán 1970–Nollaig 1971

22 mír

**Comhfhreagras ginearálta 1970–1**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; comhlachtaí eagsula, eagraíochtaí Gaeilge; daoine príobháideacha. Pléitear cláir a ndeachthas i gcomhar le chéile orthu agus tugtar eolas áitiúil; moltar cláir chraolta; soláthraítear ábhar taifeadta; rudaí pearsanta. Ar na comhlachtaí tá Cladagh Records; an BBC; an Club Leabhar [Baile Átha Cliath]. Ar na comhfhreagraithe eile tá Séamus Ó Colla, Bun Beag. (*Tá roinnt mhór acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Comhfhreagras ó Hugh Shields, Common Room, Trinity College, Baile Átha Cliath, ag soláthar ábhair amhránaíochta agus ag tagairt do amhránaí i nGleann Cholm Cille (9 Aibreán, 15 Meitheamh 1970, 2 mhír);
- Litir ón Chonluanach chuig The Editor, Panorama, BBC, ag gearán faoi dhearcadh an BBC ar mórshiúlanna na bhFear Oráiste (28 Meitheamh, 11);
- Litreacha ó Chonall Ó Fearraigh, na Doirí Beaga, ag soláthar ábhar agallaimh agus nuacht áitiúil don chlár ‘An Mhuintir’s Againne’ (23 Meán Fómhar, 20 Nollaig 1971, 2 mhír).

**P259/1113** Mí Márta–Aibreán 1972 (1978)

13 mír

**Seosamh Mac Grianna–A Shaol is a Shaothar**

Féach P259/  
60, 1027,  
1030, 1113

Comhad cáipéisí bainteacha leis an Éigse Uladh, 1972, agus le clár faoin scríbhneoir Seosamh Mac Grianna craolta i 1972; baineadh athúsáid as an chlár i 1978. Tá gearrthán nuachtán; bileog eolais faoin chlár Éigse Uladh; comhfhreagras; meabhráin ag Ó Conluain; liostaí leabhar le Mac Grianna; script cainte raidió; agus meabhráin eile le haghaidh athchraolú i 1978.

**P259/1114** Samhain 1972

5 mhír

**Athbharr**

Féach  
P259/1032

Comhad cáipéisí bainteacha le sraith cainteanna craolta i 1972. Tá litir chuig Michael Tierney, Baile Átha Cliath, á iarraidh dul i gcomhair leo; meabhráin ag Ó Conluain agus ag Éamonn Mac Giolla Iasachta faoi Choimisiún na Gaeltachta; cóipeanna ó na *Diospóireachtaí Dála* (1921, 1922). (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

**P259/1115** Eanáir–Nollaig 1972

81 mír

**Comhfhreagras ginearálta 1972**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; comhlachtaí eagsula; eagraíochtaí Gaeilge; daoine príobháideacha; tá cúpla gearrthán nuachtán. Pléitear cláir a ndeachthas i gcomhar le chéile orthu agus tugtar eolas áitiúil; moltar cláir chraolta (m.sh. agallamh le Máirtín Ó Direáin, Meitheamh); soláthraítear ábhar taifeadta; gearáin faoi chomharthaí sráideanna Bhaile Átha Cliath (tá deireadh leis i Eanáir 1973); rudaí pearsanta. Seachas é sin, tá cláir imeachtaí, m.sh. ón Éigse Mumhan. Ar na comhlachtaí tá The Folk Music Society of Ireland, Gael-Linn; an BBC; Bárdas Átha Cliath. Ar na eagraíochtaí Gaeilge tá Amharclann Ghaoth Dobhair; Fondúireacht an Riadaigh. Ar na comhfhreagraithe eile tá Séamus Ó Cuaig, Cill Chiaráin; Eric Mac Fhinn, Indreabhán; Hugh [Shields], Baile Átha Cliath; Cathal Ó Fearraí, na Doirí Beaga; Morwena Denez, Gaillimh; Séamus Ó Colla, Bun Beag; Muiris Ó Droighneáin, Béal Feirste. (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Comhfhreagras le Tomás Mac Anna, Amharclann na Mainistreach, ag iarraidh scripte raidió de *Parlaméid na mBan* le haghaidh léiriú nua sa Peacock (11, 14 Meán Fómhair, 2 mhír);
- Litir ó Art Mac Eochaidh, Feachtas Easumhlaíochta Sibhialta (Dungannon Civil Resistance Committee), ag iarraidh go n-oibreodh Ó Conluain a chuid thionchair ar dhaoine ábalta cuidiú leo (15 Samhain, 11);
- Cóipeanna na hirise *Tuairisc*, foilsithe ag Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta; ‘Uimhir A2’ ar ceann acu (gan dáta, 2 mhír).
- Comhfhreagras le Sorcha Uí Chiaráin, Baile Átha Cliath, ag moladh go ndéanfaí taifeadta de scéalta ag Máirín Uí Huntair, mar gheall ar a aithne ar W.B. Yeats (28 Samhain, 11 Nollaig, 2 mhír).

**P259/1116** Eanáir–Feabhra 1973

10 mír

Féach  
P259/1037

**Daoine agus Dúichí/ People and Places: 1. Michael J. Murphy**

Comhad cáipéisí bainteacha le sraith a craoladh i 1973. Tá comhfhreagras leis an scríbhneoir agus an béaloideasóir Michael J. Murphy, An tIúr; tá meabhráin de chuid Murphy agus Uí Chonluain; agus tá dréachtanna scripte ann.

Iniata:

- Dán le Murphy, ‘On Hearing of the Death of Patrick Kavanagh’ (Feabhra, 9ll).

**P259/1117** 12–19 Eanáir 1973

4 mhír

Féach  
P259/1037

**Daoine agus Dúichí/ People and Places: 2. Seán Ó hEochaidh**

Comhad cáipéisí bainteacha le sraith a craoladh i 1973. Tá comhfhreagras leis an bhéaloideasóir agus múinteoir Seán Ó hEochaidh, Gort an Choirce; tá blogh den script chaint críochnaithe ann.

**P259/1118** Eanáir–Mí Márta 1973

12 mír

Féach  
P259/1037

**Daoine agus Dúichí/ People and Places: 3. An Suibhneach Meann**

Comhad cáipéisí bainteacha le sraith a craoladh i 1973. Tá comhfhreagras leis an mhúinteoir agus uachtarán Dáimh-Scoil Muscraí, Pádraig Mac Suibhne, agus a iníon Betsy, Cúil Aodha; tá meabhráin de chuid Uí Chonluain agus Betsy Nic Shuibhne; tá dréacht agus blogh scrípte ann; tá gearrthán nuachtán.

**P259/1119** Eanáir–Meitheamh 1973

8 mír

Féach  
P259/1037

**Daoine agus Dúichí/ People and Places: 4. Annraí Ua Corrduibh**

Comhad cáipéisí bainteacha le sraith chraolta i 1973. Tá comhfhreagras leis an mhúinteoir Annraí Ua Corrduibh, Béal an Átha; tá meabhráin de chuid Uí Chonluain.

**P259/1120** Eanáir 1973

6 mhír

Féach  
P259/1035

**The Waves of Tory/ Toraigh na dTonn is na bhFonn**

Comhad cáipéisí bainteacha le clár a craoladh i 1973. Tá meabhráin ann le nótaí ó *The Donegal Highlands* le Mac Devitt (1895) agus leabhair eile; tá gearrtháin nuachtán ó *The Derry People* agus eile, agus litir chuig an pháipéar céanna tar éis an chraolacháin.

**P259/1121** Feabhra–Mí Márta 1973

10 mír

Féach  
P259/1036

**Na Coláistí Ullmhúcháin**

Comhad cáipéisí bainteacha le clár a craoladh i 1973. Tá comhfhreagras le Lil Nic Dhonncha, Baile Átha Cliath; Máire Cecilia, An Daingean; tá meabhráin de chuid Nic Dhonncha agus

**P259/1121** Uí Chonluain; agus tá dréacht scrípte.

**P259/1122** Eanáir–Samhain 1973

65 mír

**Comhfhreagras gineáralta 1973**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; comhlachtaí eagsula; eagraíochtaí Gaeilge; daoine príobháideacha; tá cúpla gearrthán nuachtán. Pléitear cláir a ndeachthas i gcomhar le chéile orthu agus tugtar eolas áitiúil; moltar cláir chraolta; soláthraítear ábhar taifeadta; iarrtar eolas nó moltaí. Ar na comhlachtaí tá Coiste na dTuismitheoirí, Bun Beag; *Fortnight- an Independent Review for Northern Ireland, The Irish Press*. Ar na heagraíochtaí Gaeilge tá Éigse Oiriaila. Ar na comhfhreagraithe eile tá Caitlín Nic Giolla Bhríde agus Cathal Ó Fearraí, na Doirí Beaga; Pádraig Mac Seáin, Tuar Mhic Éidigh; Michael J. Murphy, An tIúr. (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Comhfhreagras le Frances-M. Blake, Hertshire, agus í ag iarraidh eolais faoi Cheannfort Ó Máille, agus faoi Ernie O'Malley (Feabhra-Bealtaine, 4 mhír);
- Comhfhreagras le James McNamara, Dun Geanainn, ag moladh go ndéanfaí agallamh leis an seanamhránaí mná, Brigid Kierans, Contae Muineacháin (Meitheamh, 2 mhír);
- Litir ó Éamonn Ó Carragáin, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, ag ordú cóip den chnuasacht A Mhic Mhuire: Dánta don Nollaig [ní léir an bhaint a raibh ag Ó Conluain leis] (11 Nollaig, 1 l);
- Litir ó Benedict Kiely, Baile Átha Cliath, agus oth leis nach raibh sé in ann teacht chuig an Aifreann (gan dáta, 1l).

**P259/1123** 9 Meitheamh 1974 (1980)

7 mír

**Colm Cille**

Comhad meabhráin bainteacha le clár a craoladh i 1974 (ní mhaireann an scrípt), faoi Cholm Cille agus seanchas dá réir. Tá meabhráin de chuid Pádraig Ó Beirn, Doimnic Ó Ríordáin; tá meabhráin is dréacht garbh scrípte le Ó Conluain; tá liosta táillí ar íocadh leis na comhpháirtithe sa chlár. Baineadh úsáid as an ábhair arís i gclár darb ainm *Léargas II*, i 1980.

**P259/1124** Lúnasa 1974

3 mhír

**Celtic Congress, Nantes**

Comhad cáipéisí ón Chomhdháil Cheilteach a thionóladh i Nantes, Briotáin. Tá clár imeachtaí; 'Draft of the Declaration of Cultural

**P259/1124** Rights', agus téacs de léacht ag Jac L. Williams 'The Cultural Position and the Cultural Struggle; its means and aims'.

**P259/1125** Eanáir–Nollaig 1974

31 mír

**Comhfhreagras ginearálta 1974**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; comhlachtaí eagsula; daoine príobháideacha; tá cúpla gearrthán nuachtán. Pléitear cláir a ndeachthas i gcomhar le chéile orthu agus tugtar eolas áitiúil; iarrtar comhairle agus eolas; moltar cláir chraolta (go háirithe 'Ceallaigh an Cheoil' faoin Athair Tomás Ó Ceallaigh). Ar na comhlachtaí tá *The Irish Times*; an BBC. Ar na comhfhreagraithe eile tá Pádraig Mac Seáin, Tuar Mhic Éidigh; Elwyn [Evans], London (formerly BBC). (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Comhfhreagras le Síle Bairéad, Baile Átha Cliath, ag moladh clár faoin Áthar Tomás Ó Ceallaigh, agus ag tairiscint eolais faoi agus faoina hAthair fein. 'Tá i bhfad an iomarca trácht ar lucht na ngunnaí agus rinne go leor gan gunna obair mhór acht siad lucht na ngunnaí a fuair an brabach agus an cáil...' (10, 22 Aibreán, 2 mhír);
- Litir ón chlann Hughes, Glaschú, ag moladh cláir áraithe; scríobh Ó Conluain ar an litir gur dlíodóir é George Hughes, agus deirfiúr Liam Ó Ceallaigh (Nollaig, 31l);
- Litir ón Athair Thomás Ó Fiaich, Uachtarán an Choláiste Phádraig, Maigh Nuad, le buíochas (4 Nollaig, 1l).

**P259/1126** Eanáir–Nollaig 1975

34 mír

**Comhfhreagras ginearálta 1975**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; comhlachtaí eagsula; daoine príobháideacha; tá cúpla gearrthán nuachtán. Pléitear cláir a ndeachthas i gcomhar le chéile orthu agus tugtar eolas áitiúil; seoltar téipeanna; iarrtar comhairle agus eolas; moltar cláir chraolta (m.sh.ceann faoi thiarnaí talún Thír Chonail); pléitear rudaí pearsanta. Ar na comhlachtaí tá Pointzpass and District Local History Society. Ar na comhfhreagraithe eile tá Tomás Ó Canainn, Corcaigh; John D.Stewart, Béal Feirste; Per Denez, an Bhriotáin; Liam Ó Ruachain, Oileán Chléire; Breandán Ó hEithir, an Cheathrú Rua ('Raidió na Gaeltachta' scríofa ar an litir). (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Comhfhreagras le Michael Murphy, an tIúr, ag plé cúrsaí béaloideas sna ceantair 'Blacklion' agus 'Glan', Contae Cabháin, ag trácht ar chainteoirí Gaeilge agus seanchaithe, agus ag ullmhú agallaimh leo le haghaidh an chláir 'Looking North' (Lúnasa-Samhain, 6 mhír).

**P259/1127** Bealtaine 1975–Aibreán 1976

36 mír

**RTÉ: 50 Bliain Raidió in Éirinn**

Comhad cáipéisí bailithe ag Proinsias Ó Conluain, bainteacha leis an Cheiliúradh 50 Bliain Raidió in Éirinn, agus é ag ullmhú cláir ‘Radio Éireann agus an Ghaeltacht’, ‘Teanga Ghaeilge: Beart agus Briathar’, agus an aiste ‘Cín Lae Craoltóra’. Tá comhfhreagras le lucht riaracháin, le craoltóirí eile ag RTÉ, agus le corrdhuine gan bhaint le RTÉ; tá gearrtháin nuachtán; tá meabhráin éagsúla de chuid Uí Chonluain agus de chuid craoltóirí eile raidió agus teilifíse, ag léiriú cláir eile le haghaidh an Chomóraidh; tá cóipeanna meabhráin agus tuairiscí agus liostaí díobh ón chartlann RTÉ; tá bileog léachtaí agus imeachtaí a thionóladh ó Mhí Eanáir go dtí Aibreán 1976 (‘50 Years Irish radio’).

Iniata:

- Comhad gearrtháin nuachtán ó *Scéalta Éireann*, *The Leader*, *The Irish Times*, is araile, ag trácht ar thionchar raidió agus teilifíse i saol na ndaoine (Bealtaine 1954–Meitheamh 1956, 10 mír);
- Dréacht aiste ‘Cín Lae Craoltóra’ (Aibreán–Meán Fómhair, 22ll). [Foilsíodh é ag Louis McRedmond, *Written on the Wind* (Baile Átha Cliath, 1976)].

**P259/1128** Eanáir–Nollaig 1976

42 mír

**Comhfhreagras ginearálta 1976**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; comhlachtaí eagsúla; daoine príobháideacha; agus gearrthán nuachtán. Pléitear cláir a ndeachthas i gcomhar le chéile orthu agus tugtar eolas áitiúil; seoltar téipeanna; iarrtar comhairle agus eolas; moltar agus cáinteas cláir chraolta; pléitear rudaí pearsanta. Ar na comhlachtaí tá The Mercier Press. Ar na heagraíochtaí Gaeilge tá Éigse Uladh, Conradh na Gaeilge (Dun Geanainn), The Manx Gaelic Society. Ar na comhfhreagraithe eile tá Elwyn [Evans], London; Bríd Uí Bhaoill, Rann na Feirste; Lil Nic Dhonnchadha, Baile Átha Cliatha. (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Comhfhreagras idir Tomás MacEochaidh, Gaillimh, Seán Mac Réamoinn, RTÉ, agus Ó Conluain; eolas faoin chéad choirm cheoil craolta ar 2RN i nGaeilge, i 1927 (2–12 Márta, 3 mhír);
- Comhfhreagras le Máire Nic Mhaoláin, Deilginis, agus í ag gearáin faoi chlár ag ceiliúradh iubhaile órga Choláiste Bride Rann na Feirste, mar gheall ar an easpa iomlán ban sa chlár; gabhann Ó Conluain a leithscéal as an drocheagarthóireacht (3 Iúil, 2ll);
- Comhfhreagras le Vera Kennedy, iníon an amhránaí Robert Cinnamond, ag iarraidh comhairle faoi chúrsaí cóipchirt (16–30 Meán Fómhair, 3 mhír);



P259/1128

- Freagrair ón Chonluanach roimh ar chomhfhreagraí (gan ainm) ar cháin an líon beag drámaí raidió i nGaeilge agus an drochchaighdeán; Ó Conluain ag easaontú le roinnt de na tuairimí (tús Dheireadh Fómhair, 1l).

P259/1129

Feabhra–Nollaig 1977

19 mír

**Comhfhreagras ginearálta 1977**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; comhlachtaí eagsula, daoine príobháideacha; cúpla gearrthán nuachtán. Pléitear cláir a ndeachthas i gcomhar le chéile orthu agus tugtar eolas áitiúil; iarrtar comhairle agus eolas; seoltar téipeanna; moltar cláir chraolta (m.sh. ‘Twice under the Ass’s Belly’ faoi chúrsaí leighis agus béaloideas); pléitear rudaí pearsanta. Ar na comhlachtaí tá The Armagh Pipers Club; Arlen House, Galway; The Cope, Dún Gló; Norsk Rikskringkasting, Oslo. Ar na comhfhreagraithe eile tá Michael J. Murphy, An Pointe; Seanán P. Ó Tiománaí, Luimneach. *(Tá roinnt acu i mBéarla.)*

Iniata:

- Litir ó Michael J. Murphy, An Pointe, ag tairiscint eolais áitiúil faoin chlann Jim Larkin atá loinnithe sa bhaile beag Meigh; ag tagairt don bplean ag an Lucht Oibre, dealbh Larkin a thógáil sa tSráid Uí Chonaill (21 Feabhra, 1l);
- Litreacha ón Chonluanach chuig an Ardeaspag Ard Mhacha nua-ceaptha, Tomás Ó Fiaich, le comhghairdeas, agus ag tagairt do chlár craolta faoisean (Lúnasa-Deireadh Fómhair, 2 mhír);
- Litir ó Andrée Sheehy-Skeffington, ag scríobh beathaisnéise a fhir chéile Owen, ag iarraidh ceada, tagairt a dhéanamh do litir a scríobh Ó Conluain chuige (21 Nollaig, 2ll).

P259/1130

1975–8

9 mír

Féach  
P259/1044,  
1047, 1050

**An Coróinn Spíona/ ‘Seinn, Seinn a Chláirseach Binn’**

Comhad cáipéisí bainteacha le cláir d’Aoine an Chéasta. Tá nótaí taighde, téacsanna amhrán agus dánta spioradálta, agus cláru lae i 1976 agus 1978.

Iniata:

- Nótaí lámhscríofa faoi nósanna Aoine an Cheasta ó Sheán Ó Conghaile, agus nótaí ó chartlann RTÉ, ag tagairt do Nioclás Tóibín.

**P259/1131** [1976–8]

6 mír

**Aoine an Chéasta agus an Cháisc**

Féach P259/  
1044, 1047,  
1050

Comhad cáipéisí bainteacha le hAoine an Chéasta, ach ní léir ar bailíodh iad le haghaidh cláir raidió áirithe. Tá sleachta ón Bhíobla; leathanaigh liotúirgeacha an Domhnaigh ó 1976 agus 1978; dánta diaga (m.sh. 'Beatha agus Bás Ár Slánaitheora') agus paidreacha na ndaoine; téacsanna ó bhailiúchán an Choimisiúin Bhéaloideas; nótaí cuimsitheacha lámhscríofa de chuid D[oiminic] Uí Ríordáin.

Iniata:

- Tá roinnt mhór paidreacha sna nótaí atá 'D.Ó Ríordáin' scríofa orthu; don chuid is mó ní thugtar foinse an dáin nó an amhráin ach amháin ar phíosa amháin a bhfuil 'Leabhar Breac' mar theideal air (gan dáta, 15ll).

**P259/1132** [1958–78]

27 mír

**Oileáin na hÉireann**

Féach  
P259/ 951,  
959, 1039,  
1051, 1098,

Comhad nótaí, meabhráin, aistí agus gearrtháin nuachtán bailithe ag Proinsias Ó Conluain, ag déanamh taighde faoi oileáin éagsúla na hÉireann, agus é ag ullmhú cláir raidió. Ar na cláir sin, bhí 'An Maireann Gaeilge ar Bith ar Reachrainn?' (1960), 'Nollaig na n-Oileán' (1972), 'Seal ag Siúil Bhios' (1972), 'Slán is Céad' (1974), 'Island Exodus'/'Toraigh le Bánú?' (1978). Go minic, ní nótaí tosaidh iad ach nótaí ar bhreac sé síos ó chlár réamhchraolta, agus iad á n-athúsáid. Tá gearrtháin nuachtán (agus cóipeanna) ann ón *Radio Times*, *Donegal Democrat*, *Irish Times*, *Connacht Tribune*, is araile (1950–78). (*Tá roinnt mhór acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Cóip clóscríofa de léirmheas [le Proinsias Ó Conluain] leabhair Eoghain Uí Choilm *Toraigh na dTonn* [Baile Átha Cliath, 1971] (gan dáta, 2ll);
- Cóip aiste ghairid (gan ainm údair) 'Christmas on the Islands', ag cuir síos ar an obair déanta ag Ó Conluain, ag taisteal go dtí oileáin éagsúla ó thús a thréimhse fostaíochta ag Radio Éireann (gan dáta, 1l).

**P259/1133** Eanáir–Samhain 1978

34 mír

**Comhfhreagras ginearálta 1978**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; comhlachtaí eagsúla; eagraíochtaí Gaeilge; daoine príobháideacha. Pléitear cláir a ndeachthas i gcomhar le chéile orthu agus tugtar eolas áitiúil; seoltar téipeanna; iarrtar comhairle agus eolas; moltar cláir chraolta; pléitear rudaí pearsanta. Ar na comhlachtaí tá Sáirséal &

P259/1133

Dill (íoctar as dleachtanna), The Armagh Pipers' Club. Ar na heagraíochtaí Gaeilge tá an tSeachtain Cheilteach (Cill Áirne, Bealtaine). Ar na comhfhreagrath eile tá Pádraig Ua Cnáimhsí, Ard Mhór; Bill Hutchinson, Dun Geanainn; Bob Bernen, Cruacha Gorma; Eberhardt Lapp, Hamburg; Lisa Halvorsen, Oslo. (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Comhfhreagras le Andrée Sheehy-Skeffington, ag leanúint ón litir Nollaig, 1977; trácht ar litir a scríobh Ó Conluain i 1954, agus tuairimí Uí Chonluain faoin mhéid beag Gaeilge labhartha sna heaglaisí Caitlicigh i dTír Eoghain (Eanáir-Feabhra, 3 mhír);
- Comhad comhfhreagrais le Matt Nolan, Muileann gCearr, agus iad ag réiteach le haghaidh trí lá 'Radio Phobal an Mhuilinn Chearr/Community Radio Mullingar); bhí Ó Conluain ina thairgeoir (Deireadh Fomhair, 5 mhír).

P259/1134

Eanáir–Nollaig 1979

23 mír

### **Comhfhreagras ginearálta 1979**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; comhlachtaí eagsula; eagraíochtaí Gaeilge; daoine príobháideacha. Pléitear cláir a ndeachthas i gcomhar le chéile orthu agus tugtar eolas áitiúil; iarrtar comhairle agus eolas; moltar cláir chraolta (m.sh. faoi 'na Molly Maguires'); seoltar téipeanna; iarrtar alt nó aiste; pléitear rudaí pearsanta. Ar na heagraíochtaí Gaeilge tá Gael-linn; Coláiste Mhuire, Loch an Iúir. Ar na comhfhreagrath eile tá Tomás Ó hEochaidh, An tSionna; Lisa [Halvorsen], Oslo; Harri Parri, Caernarvon. (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Litir ó John Moulden, Portrush, ag tairiscint eolais faoi amhránaí sa cheantair; tá sé féin sásta canadh le haghaidh taifeadaidh (10 Eanáir, 21l);
- Admháil ó RTÉ maidir le post speisialta, ná tuairisceoir i rith cuairte an Phápa go hÉirinn, 30 Meán Fómhair (15 Samhain, 1l);
- Litir ó Mary McGarrity Shore, Irish National Caucus, Inc, ag tagairt le gearrtháin agus ábhar eile ar sheol sí leis an litir, nach maireann (30 Nollaig, 1l);
- Litir ó Phádraig Ua Cnáimhsí, An Clochán Liath, ag tabhairt níos mó eolais le haghaidh cláir faoi na hoibrithe éisc ['The Creel, the Scrubber and the Knife'] (2 Samhain, 21l).

P259/1135

1950–80

21 mír

### **Lá Féile Phádraig agus 'Lúireach Phádraig'**

Féach P259/  
932, 949, 1052

Comhad cáipéisí bainteacha le cláir éagsúla ullmhaithe ag Ó Conluain le haghaidh Lá Féile Pádraig. Ar na cláir sin, bhí 'Mac

P259/1135

Calprainn na gClog' (1949), 'Marainn Phádraig' (1958), 'An tSeamróg Thirim' (1960), 'An Pota Pádraig' (1980). Tá téacsanna nó teidil dánta agus amhráin spioradálta (cúpla cóip den 'Lúireach Phádraig'); tá nótaí lámhscríofa ag Ó Conluain faoi nósanna, faoi fhoinsí éagsúla, agus eolas bainteach leis an Fhéile; tá gearrtháin nuachtán. Tá go leor de na nótaí gan dáta.

Iniata:

- Comhad nótaí ón Ghaeltacht Mhaigh Eo, liostaí daoine a bhí in ann eolas nó seanchas a roinnt leis, ní amháin faoin Fhéile ach faoin Ghaeltacht freisin (1958, 11 mír);
- Cóip de *Feasta*, agus aiste le Proinsias Ó Conluain istigh, 'Lúireach Phádraig' (Márta 1958, 24ll);
- Meabhráin le Doiminic Ó Riordáin faoin *Liber Hymnorum* (gan dáta, 2 mhír);
- Comhad gearrtháin nuachtán ón *Standard*, *Sunday Independent*, *Irish Times*, agus araile, bainteacha leis an Fhéile agus an naomh (1949–80, 7 mír).

P259/1136

Eanáir–Nollaig 1980

42 mír

#### **Comhfhreagras ginearálta 1980**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; comhlachtaí éagsúla; agus daoine príobháideacha. Pléitear cláir a ndeachthas i gcomhar le chéile orthu agus tugtar eolas áitiúil; iarrtar comhairle agus eolas; seoltar téipeanna; moltar cláir chraolta (go háirithe 'Léargas'); pléitear rudaí pearsanta. Ar na comhfhreagraithe eile tá an tAthair Martin Coen, Creach Mhaoil; Diarmaid Ó Doibhlín, Roinn an Leinn Cheiltigh, Cúl Raithin; Eddie Toner, Deilginis; Micheál Ó Máirtín, Éigse Loch an Iúir; an scríbhneoir Victor Power, Cedar Rapids (Iowa); agus comhghleacaí agus bailitheoir Seán [Ó Maolchallann], Leitir Ceanainn. (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Litir co-shínithe ag Ó Conluain, David Hammond, Ciarán Mac Mathúna, ag iarraidh deontais airgid le haghaidh Gradam Sheáin Uí Bhaoill, 'a tribute to his memory' (1 Iúil, 1l);
- Comhad comhfhreagrais le Sheán Ó Leocháin, Baile Átha Luain, agus é ag tairiscint roinnt dánta lena chuid le haghaidh an chláir 'Léargas' (Deireadh Fómhair–Nollaig, 5 mhír).

P259/1137

Eanáir–Nollaig 1981

49 mír

#### **Comhfhreagras ginearálta 1981**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; comhlachtaí éagsúla, eagraíochtaí Gaeilge; daoine príobháideacha. Pléitear cláir a ndeachthas i gcomhar le chéile orthu agus tugtar eolas áitiúil; seoltar téipeanna; iarrtar comhairle agus eolas; moltar agus cáinteair cláir chraolta; iarrtar cóipchirt; pléitear rudaí pearsanta. Ar na comhlachtaí tá an BBC (Albain). Ar na heagraíochtaí Gaeilge

P259/1137

tá an Cumann Merriman, Éigse Oiriaila. Ar na comhfhreagraithe eile tá Seán Ó Conghaola, Indreabhán; Seán [Ó Maolchallann], Leitir Ceanainn; Bríd Uí Éigeartaig, Baile Átha Cliath; Máire Davitt, Baile an Fhéirtearaigh; David Hammond, Béal Feirste. (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Litir ó Sheán [Ó Maolchallann], Leitir Ceanainn, ag tabhairt eolais agus agallamh (ar téip) faoin chainteoir dúchais, Aodh Ó Cuinn, in aice le Baile na Finne (8 Feabhra, 2ll);
- Roinnt comhfhreagrais le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus le hOifig an Taoisigh, ag plé an cánach a ioctar as ceirníní agus téipeanna a sheoladh sa phost (Márta-Bealtaine, 6 mhír);
- Litir ó Nollaig Ó Gadhra, Na Forbacha, chuig Kieran Sheedy [RTÉ], ag tairiscint cánach agus molaidh faoi chlár raidió craolta, agus comhairle d'ábhar nua (2 Iúil, 1l);
- Litir ón Chonluanach chuig Réamonn Ó Muirí, Ard Mhacha, ag seoladh airgid le haghaidh Bhíobla i nGaeilge a thabhairt chuig príosúnach sa Cheis Fhada (12 Deireadh Fómhar, 1l);
- Cárta Nollaig ó Tommy McKearney, Ard Mhacha, agus nóta mionscríbhinne le Tomás Mac Cearnaigh, 'Campa Cios Fada', H4, ag glacadh buíochais as an 'bhíobla' ar sheol Ó Conluain chuige, mar chuidiú leis an teanga a fhoghlaim. Tá nóta de chuid Uí Chonluain ann, ag rá 'Note inside probably smuggled out from Long Kesh and posted by a relative. Many of this Moy family were either killed or imprisoned during the 'Troubles' (31 Nollaig, 3 mhír).

P259/1138

Eanáir–Nollaig 1982

51 mír

### **Comhfhreagras ginearálta 1982**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; comhlachtaí éagsúla, eagraíochtaí Gaeilge; daoine príobháideacha. Pléitear clár a ndeachthas i gcomhar le chéile orthu agus tugtar eolas áitiúil; seoltar téipeanna; iarrtar comhairle agus eolas; iarrtar alt nó aiste; pléitear báis Neddie Frank Mhic Ghrianna i Rann na Feirste, agus bás Shéamais Ennis; pléitear rudaí pearsanta. Ar na comhlachtaí tá an Scoil Samhraidh Willie Clancy, ar na heagraíochtaí Gaeilge tá *An tUltach*, Cumann Gaeilge Ros Comáin. Ar na comhfhreagraithe eile tá Svetoslav Kolev, Sofia; Seán [Ó Maolchallann], Leitir Ceanainn; Lisa Halvorsen, Oslo; Robbie Hannan, Ard Mhic Nasca. (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Litir ó Sheán Ó Conghaola, Indreabhán, ag cuimhniú uaireanta a raibh Séamus Ennis i gCois Fharrage, agus an uair sin nuair ar thairfead sé Ó Conghaile ag tabhairt sampla 'caoineadh' do (7 Deireadh Fómhair, 2ll);
- Litir ó Seán [Ó Maolchallann], Leitir Ceanainn, ag cur síos ar agallamh a rinne sé (agus téip leis) le hAndie McDavitt, An Dubhchorraidh, agus faoi iarrachtaí eile seanchas a bhailiú (28 Nollaig, 4ll).

**P259/1139** Eanáir–Nollaig 1983

88 mír

**Comhfhreagras ginearálta 1983**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; comhlachtaí éagsúla, eagraíochtaí Gaeilge; daoine príobháideacha; roinnt gearrtháin nuachtán. Pléitear cláir a ndeachthas i gcomhar le chéile orthu agus tugtar eolas áitiúil; iarrtar comhairle agus eolas; moltar cláir chraolta (m.sh. ‘Léargas’; clár faoi Pheadar O’Donnell) agus moltar an leabhar nua *Islands and Authors*; iarrtar alt nó aiste; pléitear an Gradam Sheáin Uí Bhaoill; pléitear rudaí pearsanta. Is é 11 Samhain lá craolachán an chláir dheiridh de chuid Uí Chonluain, agus tá roinnt litreacha ag beannú dó. Ar na comhlachtaí tá an BBC. Ar na heagraíochtaí Gaeilge tá Éigse Oiriaila, Fondúireacht an Phiarsaigh, *Amárach*. Ar na comhfhreagraithe eile tá Seán [Ó Maolchallann], Leitir Ceanainn; Liam Ó Ceallaigh, Coill an Chollaigh; Nollaig Ó Gadhra, Indreabhán; An Cairdinéal Tomás Ó Fiaich, Ard Mhacha; David Hammond, Béal Feirste, Delwyn Phillips, Aberystwyth. (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Cóip duillín pá do Thomás de Bhaldraithe agus nóta uaidh ag cuir ceiste faoin mhéid (31 January, 2pp);
- Comhfhreagras le Bridie Dinneen, Ráth Mór, agus í ag iarraidh ar mhiste dá n-aistreofaí *An Duinníneach* go Béarla, ach ag gearradh sleachta de: ‘I would like anything that would not be in keeping with respect for the priest be omitted (sic)... The family’s permission was never received before the book was published...’. Níl Ó Conluain sásta leis na coinníollacha sin. (24 Deireadh Fómhair, 17 Samhain, 2 mhír).

**P259/1140** Eanáir–Nollaig 1984

41 mír

**Comhfhreagras ginearálta 1984**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; comhlachtaí éagsúla, eagraíochtaí Gaeilge; daoine príobháideacha. Iarrtar comhairle agus eolas; iarrtar alt nó aiste; tá cáipéisí do phinsinéirí RTÉ; pléitear rudaí pearsanta. Tá Ó Conluain ina uachtarán Oireachtas na Gaeilge i 1984, agus tá comhfhreagras dá réir. Ar na comhlachtaí tá The Mercier Press Ltd; ar na heagraíochtaí Gaeilge tá an Cumann Merriman. Ar na comhfhreagraithe eile tá Conall Ó Dónaill, Rann na Feirste; John D.Horgan, Corcaigh; James McKillop, Syracuse, New York; an scríbhneoir/ aisteoir Victor Power, Arizona; Seán Ó Conghaile, Indreabhán; Ceannasaí Cláir RTÉ Muiris Mac Conghail; Pádraig Ó Súilleabháin, rúnaí, an Cumann Luachra; Micheál Ó Máirtín, *An tUltach*. (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Comhfhreagras le Brian Ó Rúirc, Ceardcholáiste Reigiúin na Gaillimhe, ag plé a leabhar nua *Blás Meala*, a scríobh Ó Conluain réamhrá dó (10–24 Nollaig, 2 mhír).

**P259/1141** Eanáir–Nollaig 1985

32 mír

**Comhfhreagras ginearálta 1985**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; comhlachtaí éagsúla, eagraíochtaí Gaeilge; daoine príobháideacha. Iarrtar comhairle agus eolas; iarrtar léacht nó aiste; tá cáipéisí do phinsinéirí RTÉ; pléitear rudaí pearsanta. Tairgeadh colún laethúil i nGaeilge don gConluanach san *Irish News*, Béal Feirste, ach diúltaíonn sé air. Ar na comhlachtaí tá an Comharchumann Ráth Cairn; Ard-Mhúsaem na hÉireann; Comharchumann Chléire Teo. Ar na heagraíochtaí Gaeilge tá Conradh na Gaeilge; Éigse Riocard Bairéad, Oidhreacht Iorrais; Ar na comhfhreagraithe eile tá Brian Ó Rúirc, Gaillimh; Lisa Halvorsen, Oslo (An Iorua). (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Litir ó Chaoilfhionn Nic Pháidín, *The Irish Times*, ag glacadh le alt de chuid Uí Chonluain ar mhuintir Mhic Ghrianna, dá fhoilsiú i Samhain (12 Deireadh Fómhair, 11);
- Comhfhreagras le Brian Murphy, Glenstal Abbey, ag iarraidh eolais faoi J.J.Kelly ('Sceilg') agus faoi leabhar miontuairiscí Chraobh an Chéitinnigh (3–14 Samhain, 3 mhír);
- Litir chuig Elwyn is Margot Evans, London, ag trácht ar an achrann dlíthiúil agus an costas mór atá le híoc ag Ó Conluain agus eile a bhí ina n-intaobhaithe ag an pháipéar *Inniu* (14 Nollaig, 11).

**P259/1142** Eanáir 1986–Nollaig 1987

33 mír

**Comhfhreagras ginearálta 1986–1987**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; comhlachtaí éagsúla, eagraíochtaí Gaeilge; daoine príobháideacha. Iarrtar comhairle agus eolas; iarrtar alt nó aiste; tá cláir (m.sh. den Éigse Oiriaila); tá cáipéisí do phinsinéirí RTÉ; pléitear rudaí pearsanta. Ón 1987 ar aghaidh, tá Ó Conluain ina eagarthóir do *Dhúiche Néill* (*Iris an Ó Néill County Historical Society*), agus ba bhall é den Choiste an Chumann Cheol Tíre Éireann. Fosta, tá sé mar bhall den gComharchumann Cumarsáide Pobal Bhaile Átha Cliath Thoir Teoranta. Ar na comhlachtaí tá Sáirséal & Dill agus The Mercier Press (ioctar as dleachtanna). Ar na heagraíochtaí Gaeilge tá Éigse Oiriaila; an Chomhdháil Cheilteach. Ar na comhfhreagraithe eile tá Áine Ní Sheasnain, Coill an Chollaigh; Noel Ross, County Louth Archaeological and Historical Society. (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Nóta ón Chumann Cheol Tíre Éireann, ag tabhairt cuiridh chun léacht ag Ó Conluain, 'Edward O'Reilly, Collector, and his manuscripts' (22 Samhain, 11).

**P259/1143** Eanáir–Nollaig 1988

55 mír

**Comhfhreagras ginearálta 1988**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; comhlachtaí éagsúla; eagraíochtaí Gaeilge; daoine príobháideacha; tá gearrtháin nuachtán. Iarrtar comhairle agus eolas; iarrtar alt nó aiste (m.sh.ceann faoi Mháirtín Ó Direáin san *Ultach*); tá cáipéisí do phinsinéirí RTÉ; tá taifid ghnó den Dhúiche Néill, den Chumann Ceol Tíre Éireann agus den Chomharchumann Cumarsáide Pobal Bhaile Átha Cliath Thoir; pléitear rudaí pearsanta. Ar na comhlachtaí tá Foilseacháin Náisiúnta Teoranta. Ar na comhfhreagraithe eile tá Mary Lappin, Sligeach; John Killen, leabharlannaí, Linnen Hall Library, Béal Feirste. (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Comhfhreagras leis an Dr.Nollaig Mac Congáil, Roinn na Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, faoin tsraith raidió ‘Scribhneoireacht Chonallach’; beidh Ó Conluain páirteach ann (6–11 Deireadh Fómhair, 4 mhír – ar leanúint i 1989);
- Comhfhreagras le Nicholas Carolan, Taisce Ceol Dúchais Éireann, agus é ag iarraidh tacaíochta leis an tionscnamh nua (Bealtaine, Deireadh Fómhair, Samhain, 3 mhír);
- Comhfhreagras le Joseph L.McGuire, Buena Vista (Colorado), a bhfuil suim thar cuimse i Seán Ó Néill aige (Deireadh Fómhair-Samhain, 3 mhír – ar leanúint i 1989).

**P259/1144** Eanáir–Nollaig 1989

63. mír

**Comhfhreagras ginearálta 1989**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; eagraíochtaí Gaeilge, agus daoine príobháideacha; tá gearrtháin nuachtán. Iarrtar comhairle agus eolas; iarrtar alt nó aiste; tá cáipéisí do phinsinéirí RTÉ; tá taifid ghnó den *Dúiche Néill*, den gChumann Ceol Tíre Éireann agus den gComharchumann Cumarsáide Pobal Bhaile Átha Cliath Thoir; pléitear rudaí pearsanta. Ar na comhlachtaí tá Cumann Seanchais Ard Mhacha. Ar na heagraíochtaí Gaeilge tá An Comhdháil Cheilteach (Craobh na hÉireann); Cumann Merriman. Ar na comhfhreagraithe eile tá Nollaig Mac Congáil, Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Joseph L.McGuire, Buena Vista (Colorado); Lisa Halvorsen, Oslo (An tIorua); Pádraig Ó hAdhmaill, Ard Mhacha. (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Comhfhreagras leis an Dr Nollaig Mac Congáil, Roinn na Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, ag eagrú sraith léachtaí i Raidió na Gaeiltachta ag ceiliúradh 100 bliain ó rugadh Séamus Ó Grianna; léacht amháin acu á scríobh ag Ó Conluain (Iúl-Meán Fómhair, 4 mhír).



**P259/1145** Eanáir–Nollaig 1990

17 mír

**Comhfhreagras ginearálta 1990**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; eagraíochtaí Gaeilge; agus daoine príobháideacha. Iarrtar comhairle agus eolas; iarrtar alt nó aiste; pléitear rudaí pearsanta. Ar na comhlachtaí tá *Dáil gCais- The Journal of Clare*. Ar na comhfhreagraithe eile tá Joseph L.McGuire, Buena Vista (Colorado); Seán Ó Conghaile, Indreabhán; Sally Uí Bhearra (baintreach Ted Berry), An Spidéal; Dave O'Donoghue, Baile Átha Cliath. (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Litir chuig Nicholas Carolan, Taisce Cheol Dúchais Éireann, ag seoladh téipeanna d'ábhar béaloideasa déanta le haghaidh cláir RTÉ 'An Mhuintir s'Againne', 'Os na Ceithre hÁrda', 'Fear ina Dhúiche', 'Mid-Morning'. Beidh ná téipeanna ar fáil do thaighdeoirí amháin (22 Eanáir, 1l).

**P259/1146** Eanáir–Nollaig 1991

58 mír

**Comhfhreagras ginearálta 1991**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; eagraíochtaí Gaeilge; daoine príobháideacha; tá gearrtháin nuachtán. Iarrtar comhairle agus eolas; iarrtar alt nó aiste; tá cáipéisí do phinsinéirí RTÉ; tá taifid ghnó den *Dúiche Néill*; pléitear rudaí pearsanta. Ar na comhlachtaí tá *Anois*; Sáirséal Ó Marcaigh (íoctar as dleachtanna); the County Lough Historical and Archaeological Society; Cumann Cheol Tíre Éireann. Ar na heagraíochtaí Gaeilge tá An Chomhdháil Cheilteach (Craobh na hÉireann). Ar na comhfhreagraithe eile tá Dr Dáibhí Ó Cróinín, Roinn na Staire, Coláiste na hOllscoile Gaillimh; Risteárd Ó Glaisne, Baile Átha Cliath; Joseph L.McGuire, Buena Vista (Colorado); Conall [Ó Dónaill], An Fhál Carrach. (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Comhfhreagras le Pádraig Ó Siadhail, Institute of Irish Studies, The Queen's University, Béal Feirste, ag iarraidh cabhrach le haghaidh a bheathaisnéise ar Phiaraís Bhéaslaí, agus Ó Conluain ag trácht ar an phearsa agus ar fhoinsí oiriúnacha (7–19 Márta, 3 mhír);
- Comhfhreagras leis an Athair Denis Carroll, Cill na Manach, agus é ag déanamh taighde faoi Michael O'Flanagan (Meitheamh-Iúil, 3 mhír);
- Litir ó Bhrian Ó Maoileoin, Béal Feirste, ag iarraidh tacaíochta le litir oscailte chuig an bpreas, sínithe ag scríbhneoirí aitheanta Gaeilge, agus Ó Conluain ina measc, ag rá nach amhlaigh an ghluaiseacht Gaeilge agus an sceimhlitheoireacht sheicteach (27 Meán Fómhair, 2 mhír) [ní mhaireann freagair].

**P259/1147** Eanáir–Nollaig 1992

30 mír

**Comhfhreagras ginearálta 1992**

Comhad comhfhreagrais idir Ó Conluain; eagraíochtaí Gaeilge; daoine príobháideacha. Iarrtar comhairle agus eolas; iarrtar alt nó aiste; tá taifid ghnó den *Dúiche Néill*; pléitear rudaí pearsanta. Ar na comhlachtaí tá an Coiste Fhéile Thurais Cholmcille; Taisce Cheol Dúchais Éireann, an BBC. Ar na heagraíochtaí Gaeilge tá Conradh na Gaeilge. Ar na comhfhreagraithe eile tá Máire Nic Dhónaill, Muineachán; David Hammond, Béal Feirste. (*Tá roinnt acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Comhfhreagras le Dorothy Ní hUigín, Gaillimh, agus í ag déanamh taighde faoi Ghearóid Ó Cuinneagáin, agus faoi pháipéirí nuachtáin na Gaeilge; Ó Conluain ag roinnt eolais (Márta-Deireadh Fómhair, 4 mhír).

**2.3 Gearrtháin Nuachtán**

**P259/1148** Nollaig 1946–Nollaig 1951

18 mír

**Nósanna na Nollaig**

Comhad ghearrtháin nuachtáin bailithe ag Ó Conluain; tuairiscí ó pháipéirí náisiúnta agus áitiúla (m.sh. *The Irish Times, The Observer, The Listener, Irish Independent, Evening Herald*), bainteacha le nósanna na Nollaig, agus geamaireachtaí na Nollaig go háirithe. (*Tá an mórán acu i mBéarla.*)

**P259/1149** 7–11 Aibreán 1967

17 mír

**Buaiteoir an Eurovision Song Contest**

Comhad ghearrtháin nuachtáin bailithe ag Ó Conluain; tuairiscí ó pháipéirí náisiúnta agus áitiúla (m.sh. *Evening Herald, Western People Echo, Sunday Independent*), faoin chomórtas i Vienna agus an buaiteoir, Sean Dunphy. (*Tá siad go léir i mBéarla.*)

**P259/1150** Bealtaine 1951–Meán Fómhair 1971 (1983)

84 mír

**Cláir agus Foireann RTÉ**

Comhad ghearrtháin nuachtáin; tuairiscí ó pháipéirí náisiúnta (m.sh. *The Sunday Press*, *The Irish Press*, *The Evening Herald*) bainteacha le RTÉ, cláir raidió agus (go háirithe) teilifíse, agus athruithe ar an fhoireann. Ní fios cé a bhailigh iad; tá an t-ainm Mr. Tony Lyons ar ceann de na clúdaithe. Tá an móramh ón 1967, agus méid mór acu is léirmheasanna an *Evening Herald* iad, 'To-Night's TV by O.G.D.'. (*Tá an móramh acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Tuairisc ó *The Sunday Press* 'On the Road with Terry O'Sullivan', agus alt faoin Aonad Taifeadadh Taistil RTÉ, in éineacht le grianghraf beag den Aonad, le triúr foirne leis (Proinsias Ó Conluain leo), os comhair an staisiúin Gharda Síochána, Carna (27 Bealtaine, 1l).

**P259/1151** Feabhra 1951–Mí Nollaig 1973

34 mír

**Ábhair éagsúla: an Ghaeltacht, Litriú agus Caighdeán, An Club Leabhar**

Comhad ghearrtháin nuachtáin bailithe ag Ó Conluain; tuairiscí ó pháipéirí náisiúnta agus áitiúla (m.sh. *Scéalta Éireann/ Irish Press*, *Irish Times*, *Evening Herald*, *Evening Press*, *Cork Examiner*, *Inniu*), bainteacha leis an teanga Gaeilge, cainteoirí Gaeilge, agus an Club Leabhar, Baile Átha Cliath. Tá idir aistí, léirmheasanna, agallaimh, litreacha chuig an eagarthóir, agus colúin (m.sh. Myles na Gopaleen, 'Cruiskeen Lawn')... (*Tá an móramh acu i mBéarla.*)

Iniata:

- Gearrtháin le scéalta bháis 'Sceilg' (an Gaeilgeoir J.J.O'Kelly) (27–28 Márta 1957, 3 mhír).